TUARASCÁIL SPEISIALTA 10/2026 GA

# Comhphobail fuinnimh

## Acmhainneacht fós le comhlíonadh



CURIA RATIONUM

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Clár

Alt


## 01-16 | Príomhtheachtaireachtaí 01

**01-05 | An chúis go bhfuil an réimse seo tábhachtach**

**06-16 | Gach a bhfuaireamar amach agus a bhfuil á mholadh againn**

## 17-86 | Súil níos grinne ar ár mbarúlacha 02

**17-41 | Leagtar amach uaillmhian i gcuspóir an Aontais, ach: ní dhéantar í a dhearadh go maith; tá easpa tacaíochta agus faireacháin ag baint léi; agus ní dócha go mbainfear amach í**

17-23 | Tá sainmhínithe an Aontais ar chomhphobail fuinnimh mearbhlach, agus úsáidtear go neamhréireach iad i leath de na tíortha a ndearnadh iniúchóireacht orthu

24-27 | Rinneadh rómheastachán ar an rannchuidiú a rabhthas ag dréim leis ó chomhphobail fuinnimh le giniúint fuinnimh in-athnuaite

28-34 | Leagtar amach uaillmhian i gcuspóir an Aontais, ach tá easpa ábharthachta, intomhaisteachta agus formhuinithe náisiúnta ann

35-41 | Tá an faireachán neamhiomlán, agus ní dócha go mbainfear amach cuspóir 2025 an Aontais

**42-86 | Níor bhunaigh na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu na coinníollacha uile ba ghá chun comhphobail fuinnimh a fhorbairt**

42-45 | Tá trasuí threoracha an Aontais neamhiomlán

46-49 | Thuairiscigh leath na mBallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu ar an measúnú náisiúnta éigeantach ar na bacainní

50-57 | Tá treoraíocht ann, ach is minic a bhíonn sé deacair í a chur i bhfeidhm gan cúnamh ó shaineolaithe

58-66 | Tá bearnaí fós ann i rannpháirtíocht na saoránach agus i gcuimsiú teaghlach leochaileach

67-76 | Bíonn moill fhada ar chomhphobail fuinnimh, mar tháirgeoirí fuinnimh in-athnuaite, maidir le nascadh leis an eangach

77-86 | Le dreasachtaí airgeadais do chomhphobail fuinnimh, is féidir aisíocaíochtaí a dhéanamh atá ailínithe le huaillmhian Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh

## Iarscríbhinní

**Annex I – Maidir leis an iniúchadh**

**Annex II – Comhphobail fuinnimh ar tugadh cuairt orthu**

**Annex III – Freagraí na mBallstát ar mholtaí**

## Giorrúcháin

## Gluais

## Freagraí ón gCoimisiún

## Amlíne

## An fhoireann iniúchóireachta

01

# Príomhtheachtaireachtaí


## An chúis go bhfuil an réimse seo tábhachtach

**01** Tá príomhról ag fuinneamh in-athnuaite i straitéis fhadtéarmach an Aontais Eorpaigh le bheith aeráidneodrach faoi 2050, agus in aistriú digiteach an Aontais a bhaint amach go ginearálta. Tá sprioc leagtha amach ag an Aontas chun an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite a shocrú ag 42.5 % ar a laghad faoi 2030 (ardú ó 25.4 % in 2024). Tá meastachán déanta ag an gCoimisiún go bhféadfadh leath de shaoránaigh an Aontais suas le 50 % d'fhuinneamh in-athnuaite na hEorpa a tháirgeadh faoi 2050[1].

**02** Eintitis dhlíthiúla iad comhphobail fuinnimh, a **chumasaíonn saoránaigh, gnóthaí beaga agus údaráis áitiúla a bhfuinneamh féin a tháirgeadh, a bhainistiú, a chomhroinnt agus a thomhailt** (féach ***Fíor 1***). Thug an Coimisiún isteach **sainmhínithe dlíthiúla AE le haghaidh comhphobal fuinneamh** i dTreoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (RED II) agus Treoir (AE) 2019/944 maidir leis an Margadh Inmheánach don Leictreachas (IMED). I Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh 2022, leag an Coimisiún cuspóir polaitiúil amach (dá dtagraítear 'cuspóir AE' sa tuarascáil seo): Oibreoidh an tAontas agus na Ballstáit le chéile chun **comhphobal fuinnimh in-athnuaite amháin ar a laghad a bhunú i ngach bardas le daonra os cionn 10 000 duine faoi 2025**. I Measúnú tionchair 2016 ar RED II, luaigh an Coimisiún an méid seo i dtaobh an Aontais; '*faoi 2030, d'fhéadfadh níos mó ná 50 GW d'fhuinneamh gaoithe agus níos mó ná 50 GW de ghrianfhuinneamh a bheith faoi úinéireacht comhphobal fuinnimh, i.e. 17 % agus 21 % den toilleadh suiteáilte faoi seach*".

[1] An Coimisiún Eorpach, *Fócas: Fostaíocht in earnáil fuinneamh in-athnuaite an Aontais Eorpaigh*, 16 Bealtaine 2022, faighte an 2 Meán Fómhair 2025.


## Fíor 1 | Céard is comhphobal fuinnimh ann?




*Foinse:* CIE.

**03** De réir an Choimisiúin, d'fhéadfadh go leor tairbhí bheith i gceist le comhphobail fuinnimh (féach ***Fíor 2)***.

## Fíor 2 | Tairbhí ó chomhphobail fuinnimh a bhfuiltear ag súil leo




*Foinse:* Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), bunaithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

**04** Thugamar faoin iniúchadh seo mar gheall ar an acmhainneacht atá ag tionscadail fuinnimh in-athnuaite atá faoi úinéireacht comhphobal maidir le **dlús a chur leis an aistriú fuinnimh**; mar gheall ar an **ngá atá le saoránaigh a áireamh** san aistriú céanna; agus mar gheall ar an aistriú a dhéanamh **inacmhainne do chách** agus gné shóisialta an Aontais Fhuinnimh a threisiú. Táthar ag súil leis go mbeidh ár gcuid oibre ag tacú le comhphobail fuinnimh a fhorbairt san Aontas trí na príomhdhúshláin atá rompu a chur i láthair, trí réitigh ionchasacha a dhéanamh amach roimh ré, agus trí rannchuidiú le hathmhúnlú na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus le cur chun feidhme Phacáiste Fuinnimh na Saoránach ar na bacáin.

05 Rinneamar measúnú féachaint ar chomhlíon an Coimisiún agus ceithre Bhallstát (**an Ísiltír**, **an Pholainn**, **an Iodáil** agus **an Rómáin**) cuspóir an Aontais agus ar **ghríosaigh sé na comhphobail fuinnimh go héifeachtach** lena dtairbhí ionchasacha a fhíorú. Sheiceáileamar go sonrach an raibh **cuspóirí AE** dea-dheartha leatha amach ag an gCoimisiún (arna bhformhuiniú ag Ballstáit), a ndearnadh faireachán leormhaith orthu agus a rabhthas ag dréim leis go mbainfear amach iad. Rinneamar measúnú freisin féachaint an raibh na **coinníollacha cuí** leagtha síos ag an gCoimisiún agus na Ballstáit chun go n-éireoidh leis na comhphobail. Féach ***Iarscríbhinn I*** le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta, agus ***Iarscríbhinn II*** le haghaidh na gcomhphobal ar thugamar cuairt orthu.

## Gach a bhfuaireamar amach agus a bhfuil á mholadh againn

06 Táimid tagtha ar an gconclúid nach dócha go mbeidh comhphobal fuinnimh amháin ar a laghad atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh ag an Aontas i ngach bardas ina bhfuil níos mó ná 10 000 áitritheoir faoi 2025, ós rud é nach raibh ach 27 % dá chuspóir bainte amach aige faoi Eanáir 2025. Is uaillmhian a leagtar amach leis an gcuspóir sin ach ní chumhdaítear leis an uaillmhian chéanna na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo ó chomhphobail fuinnimh. Níl formhuiniú foirmiúil aige ó na Ballstáit, agus ní dhéantar faireachán iomlán air ach an oiread. Mheasamar go bhféadfadh 4 % den toilleadh giniúna ó fhuinneamh gréine agus gaoithe araon a bheith faoi úinéireacht na gcomhphobal fuinnimh faoi 2030, i.e. faoi bhun an 21 % agus 17 % a luaigh an Coimisiún i measúnú tionchair RED II. Tagann an fhaisnéis sin ónár mBallstát a roghnaíodh a bhfuil comharchumainn fuinnimh dhea-fhorbartha acu, agus an dea-shampla á chur san áireamh fiú. Thairis sin, níor chruthaigh na rialtais na coinníollacha uile is gá chun tacú le forbairt comhphobal, go háirithe nach rabhthas in ann aghaidh a thabhairt ar ghnéithe rialála nach bhfuil réitithe, moilleanna ar naisc eangaí de dheasca phlódú eangaí buaic-ama, agus a bhféadfadh stóráil fuinnimh réitigh a sholáthar i leith an phlódaithe sin. Thug na húdaráis náisiúnta a dtuairimí dúinn maidir leis na moltaí sin (féach ***Iarscríbhinn III***).

## Leagtar amach uaillmhian i gcuspóir an Aontais, ach: ní dhéantar í a dhearadh go maith; tá easpa tacaíochta agus faireacháin ag baint léi; agus ní dócha go mbainfear amach í

07 Fuaireamar go bhfuil sainmhínithe an Aontais ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus saoránach doiléir. Cé gur eisigh an Coimisiún treoraíocht chun na sainmhínithe sin a shoiléiriú, leag údaráis náisiúnta agus páirtithe leasmhara béim ar a débhríocht agus ar an mearbhall a bhí ann dá bharr. Úsáideann dhá rialtas as ceithre cinn a ndearnadh iniúchóireacht orthu coincheapa maidir le comhphobail fuinnimh nach bhfuil ag teacht le sainmhínithe an Aontais. Léirigh ár n-anailís go gcuireann roghanna dlíthiúla éagsúla ar chumas na saoránach suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a thógáil agus a oibriú i dteannta a chéile, an fuinneamh a tháirgtear a chomhroinnt, nó barrachas leictreachais a dhíol. Níl treoraíocht eisithe ag an gCoimisiún lena soiléirítear na roghanna sin, áfach. Tá an easpa soiléireachta sin ábhartha go háirithe d'fhoirgnimh árasán (ina raibh 48 % de dhaonra an Aontais in 2023), go háirithe i dtaca leis na comhlachais úinéirí atá ann cheana a cruthaíodh chun foirgnimh a bhainistiú, agus iad a úsáid mar bhealach simplí chun comhphobail fuinnimh a chruthú (féach míreanna ***17***-***23***).

### Moladh 1

**Rochtain ar tháirgeadh, comhroinnt agus díol fuinnimh in-athnuaite in árasáin a shoiléiriú**

Ba cheart don Choimisiún treoraíocht agus dea-chleachtais a fhoilsiú maidir le bealaí dlíthiúla chun go mbeadh úinéirí árasán rannpháirteach (go díreach nó trí chomhlachais úinéirí), i dtáirgeadh, comhroinnt agus díol fuinnimh in-athnuaite.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: Nollaig 2026**

08 Táimid tagtha ar an gconclúid go raibh ionchais Mheasúnú Tionchair 2016 ón gCoimisiún ar RED II ródhóchasach. Tugtar le fios i réamhaisnéis nuashonraithe don **Ísiltír**, ina bhfuil comharchumainn fuinnimh forbartha go maith cheana féin, go bhféadfaidís a bheith ina n-úinéirí ar thart ar 4 % den dá chineál fuinnimh faoi 2030, i gcomparáid leis na hionchais ó 2016 go bhféadfadh 21 % den ghrianfhuinneamh agus 17 % de thoilleadh giniúna maidir le fuinneamh gaoithe a bheith faoi úinéireacht na gcomhphobal fuinnimh faoi 2030 (féach míreanna ***24***-***27***).

09 Cé gur bhunaigh an Coimisiún an cuspóir do chomhphobail fuinnimh ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara, ní bhfuaireamar aon údar leis an gcaoi ar cinneadh an cuspóir sin. Thairis sin, cé go leagtar amach uaillmhian leis an gcuspóir agus go bhfuil sé sonrach/faoi cheangal ama, is deacair é a thomhas agus tá easpa ábharthachta ag baint leis (e.g. ní chumhdaítear toilleadh giniúna fuinnimh in-athnuaite ná líon na saoránach lena mbaineann). Thairis sin, ní dhearna an Coimisiún anailís féachaint an raibh an cuspóir sin indéanta. I gcás leath de na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu (an **Iodáil** agus an **Pholainn**), chuir siad spriocanna comhphobail fuinnimh san áireamh ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, ach ní raibh siad sin ag teacht go hiomlán le pleananna an Aontais. Níor mhol an Coimisiún athruithe, toisc nach bhfuil sé éigeantach cuspóirí náisiúnta a shainiú de réir dhlí an Aontais. Ós rud é nach léirítear cuspóir an Aontais i bpleananna na mBallstát, léirítear leibhéal íseal úinéireachta náisiúnta agus cuirtear leis an riosca go bhféadfadh an tAontas a chuspóir a chailleadh (féach míreanna *28*-*34*).

## Moladh 2

### Cuspóirí SMART a dhearadh do chomhphobail fuinnimh, agus iad a léiriú i bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide

(a) **Bunaithe ar údar cuí**, ba cheart don Choimisiún **cuspóirí SMART** a dhearadh lena mbaineann na tairbhí a bhfuil coinne leo ó chomhphobail fuinnimh, cosúil leis an gcaoi a gcumhdaítear líon na saoránach lena mbaineann nó toilleadh giniúna fuinnimh in-athnuaite na gcomhphobal fuinnimh.

(b) In athmhúnlú an Rialacháin maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, ba cheart don Choimisiún **oibleagáid a mholadh do phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide chun cuspóirí na gcomhphobal fuinnimh a chlúdach** atá ag teacht le straitéisí agus pleananna gníomhaíochta ábhartha an Aontais.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: Nollaig 2027**

10 In 2024, rinne an Coimisiún rianú ar líon na gcomhphobal fuinnimh trí úsáid a bhaint as fardal arna thiomsú ar bhonn *ad hoc* ag comhairleoirí. Ní fhaightear na sonraí sin ó chláir náisiúnta iontaofa chomhsheasmhacha na gcomhphobal fuinnimh, áfach. Thug an Coimisiún roinnt treoraíochta do na Ballstáit maidir le pobail a chlárú, ach ní raibh an treoraíocht sin dírithe go leordhóthanach ar na príomhghnéithe is gá chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Ní dhearna an Coimisiún ná na Ballstáit faireachán ná tuairisciú ar an dul chun cinn i gcoinne chuspóir an Aontais ach an oiread. Faoi thús 2025, measaimid go raibh thart ar 27 % dá chuspóir bainte amach ag an Aontas, rud a fhágann nach dócha ar chor ar bith go mbainfear amach é in 2025. Bhí fás tapa ar na comhphobail san **Iodáil** agus sa **Pholainn** i dtréimhse Eanáir – Meitheamh 2025, áfach, lena dtugtar dearcadh níos dóchasaí (féach míreanna ***35***-***41***).

### Moladh 3

**Feabhas a chur ar chlárú agus ar fhaireachán na gcomhphobal fuinnimh**

Ba cheart don Choimisiún treoraíocht fheabhsaithe a fhoilsiú do na Ballstáit maidir le cén chaoi comhphobail fuinnimh a chlárú agus faireachán a dhéanamh orthu.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: Nollaig 2026**

## Níor bhunaigh na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu na coinníollacha uile ba ghá chun comhphobail fuinnimh a fhorbairt

11 Is í an **Iodáil** amháin a léirigh trasuí an dá threoir ar airteagail uile na gcomhphobal fuinnimh as na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, ceithre bliana tar éis na spriocdhátaí trasuí. Rinne an Coimisiún na seiceálacha trasuí riachtanacha, agus rinne sé obair leantach ar chásanna neamh-thrasuí trí litreacha fógra fhoirmiúil agus tuairimí réasúnaithe a eisiúint. Mar sin féin, ní raibh na cásanna neamh-thrasuímh eile curtha ar aghaidh chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (féach míreanna ***42***-***45***).

12 Is iad an **Pholainn** agus an **Ísiltír** amháin a d'fhoilsigh an measúnú náisiúnta a bhí sainordaithe le RED II maidir le bacainní ar chomhphobail fuinnimh agus ar an acmhainneacht atá acu. Gan na measúnuithe sin, tá an baol ann go mbeidh gníomhaíocht náisiúnta agus gníomhaíocht de chuid an Aontais neamhéifeachtach, agus go gcuirfidh sí moill ar fhás na gcomhphobal (féach míreanna ***46***-***49***).

## Moladh 4

### Tuarascáil maidir leis an measúnú ar bhacainní ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus ar an acmhainneacht chun iad a fhorbairt

Ba cheart d’Aireacht Comhshaoil agus Slándála Fuinnimh na hIodáile agus d’Aireacht Fuinnimh na Rómáine **measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar na bacainní atá ann cheana ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt, agus ar an acmhainneacht atá ann chun na comhphobail sin a fhorbairt**.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: Iúil 2027**

**13** Ar an iomlán, bhí an treoraíocht a thug an Coimisiún do na Ballstáit éifeachtach. Ar an leibhéal náisiúnta, tá an tacaíocht do chomhphobail struchtúrtha, praiticiúil agus éasca le rochtain a fháil uirthi san **Ísiltír**. Sa **Pholainn**, san **Iodáil** agus sa **Rómáin**, tá an fhaisnéis níos ilroinnte nó tá sé níos deacra í a chur i bhfeidhm gan cúnamh ó shaineolaithe, rud a chruthaíonn bacainní do chomhphobail (féach míreanna *50*-*57*).

**14** Ní raibh forálacha dlíthiúla sonracha glactha ag aon cheann de na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu chun rannpháirtíocht na saoránach i gcomhphobail fuinnimh a chur chun cinn go gníomhach. Maidir le tacaíocht do theaghlaigh leochaileacha, is í an **Rómáin** amháin a bhunaigh reachtaíocht thiomnaithe chun na críche sin. Mar sin féin, d’fhorbair an **Ísiltír** dreasachtaí chun ról na saoránach a chosaint, agus rinne an **Iodáil** amhlaidh do theaghlaigh leochaileacha. Thug an Coimisiún treoir shonrach maidir le rannpháirtíocht na saoránach. Chuir sé treoraíocht ar fáil freisin maidir le rannpháirtíocht teaghlach leochaileach, ach níor tugadh an treoraíocht sin cothrom le dáta ó shin, agus ní raibh na geallsealbhóirí ar bhuaileamar leo ar an eolas fúithi (féach míreanna *58*-*66*).

## Moladh 5

### Ról na saoránach agus na dteaghlach leochaileach a chur chun cinn

(a) Ba cheart don Choimisiún treoraíocht a uasdátú agus a scaipeadh maidir le **teaghlaigh leochaileacha** bheith rannpháirteach i gcomhphobail fuinnimh, agus maidir le **dreasachtaí a fhorbairt** do chomhphobail fuinnimh déanamh amhlaidh.

(b) Ba cheart d'Aireacht Aeráide agus Comhshaoil na Polainne, Aireacht Comhshaoil agus Slándála Fuinnimh na hIodáile, agus Aireacht Fuinnimh na Rómáine forálacha a dhearadh chun **ról na saoránach a chur chun cinn** i gcomhphobail fuinnimh.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: Nollaig 2026**

15 Fuaireamar go gcuireann moilleanna agus diúltú nasc leis an eangach mar gheall ar phlódú eangaí moill ar fhorbairt na gcomhphobal fuinnimh san **Ísiltír** agus sa **Pholainn**. D'fhéadfadh oibreoirí eangaí dlús a chur leis na naisc sin dá gcuirfeadh comhphobail fuinnimh seirbhísí solúbthachta ar fáil, amhail stóráil fuinnimh, rud a d'fhéadfadh cabhrú le buaicphointí tomhaltais nó táirgthe a réiteach. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas do chomhphobail fuinnimh níos mó leictreachais a tháirgtear go háitiúil a thomhailt agus, ar an gcaoi sin, plódú eangaí a mhaolú. Tá roinnt céimeanna glactha ag an gCoimisiún chun tacú le stóráil leictreachais, ach ní go sonrach do comhphobail fuinnimh (féach míreanna *67*-*76*).

## Moladh 6

### Tacú le stóráil fuinnimh

(a) Ina Phacáiste Fuinnimh do Shaoránaigh atá ar na bacáin, ba cheart don Choimisiún spreagadh a thabhairt do Bhallstáit dreasachtaí a mholadh do chomhphobail fuinnimh chun **réitigh stórála fuinnimh a fhorbairt**.

(b) Ba cheart d'Aireacht Aeráide agus Fáis Ghlais na hÍsiltíre agus Aireacht Aeráide agus Comhshaoil na Polainne **dreasachtaí a chur ar fáil do chomhphobail fuinnimh chun stóráil fuinnimh a fhorbairt** (ina haonar nó in éineacht le giniúint fuinnimh in-athnuaite) nó **seirbhísí solúbthachta** eile a fhorbairt chun cuidiú le plódú eangaí a laghdú.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: (a) Nollaig 2026, agus (b) Nollaig 2027**

16 Ceadaítear aisíocaíochtaí atá ag teacht le hionchais an Choimisiúin (níos giorra ná 10 mbliana) le tacaíocht phoiblí san **Ísiltír**, sa **Pholainn** agus san **Iodáil**. Fuaireamar gur bealach éifeachtach é ciste imrothlach na hÍsiltíre chun tionscadail a dhí-rioscú ag céim luath chun cistí poiblí a úsáid. Sa **Rómáin**, baineann an easpa fóirdheontas an bonn de chruthú comhphobal fuinnimh. I gcás gach ceann de na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, ní íocann daoine atá ina mbaill den phobal na muirir ghréasáin chomhfhreagracha nuair a thomhlaíonn siad an leictreachas a tháirgeann siad nó a chomhroinneann siad. Tá siad fós nasctha leis an eangach, áfach, chun tréimhsí a chumhdach nuair nach leor an fhéinghiniúint, nó nuair nach bhfuil an leictreachas ar fáil. Ní dhearna aon cheann de na tíortha a ndearnadh iniúchóireacht orthu measúnú foirmiúil, áfach, ar an gcaoi a ndéanann muirir laghdaithe, féintomhaltas agus comhroinnt fuinnimh difear do thomhaltóirí eile. Is saincheist í seo a chuir ábhair imní in iúl san **Ísiltír**, áit a bhfuil táirgeoirí is tomhaltóirí agus comharchumainn forleathan (féach míreanna ***77***-***86***).

02

# Súil níos grinne ar ár mbarúlacha

## Leagtar amach uaillmhian i gcuspóir an Aontais, ach: ní dhéantar í a dhearadh go maith; tá easpa tacaíochta agus faireacháin ag baint léi; agus ní dócha go mbainfear amach í

### Tá sainmhínithe an Aontais ar chomhphobail fuinnimh mearbhlach, agus úsáidtear go neamhréireach iad i leath de na tíortha a ndearnadh iniúchóireacht orthu

17 Tá dhá shainmhíniú dhlíthiúla ag an Aontas ar chomhphobail fuinnimh: **comhphobail fuinnimh in-athnuaite** faoi RED II agus **comhphobail fuinnimh saoránach** faoin Treoir maidir leis an Margadh Inmheánach Leictreachais (IMED). Leagtar amach sna sainmhínithe sin íoscheanglais chun a áirithiú go mbeidh comhphobail fuinnimh faoi stiúir na saoránach, go mbeidh siad cuimsitheach, agus go mbeidh siad dírithe go príomha ar chuspóirí comhshaoil agus sóisialta – seachas ar bhrabús. Ba cheart do na Ballstáit coincheapa na gcomhphobal fuinnimh atá ailínithe leis na sainmhínithe sin de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Scrúdaíomar an bhfuil sainmhínithe an Aontais ar chomhphobail fuinnimh soiléir, agus ar baineadh úsáid cheart astu ar an leibhéal náisiúnta.

18 Fuaireamar go bhfuil na sainmhínithe dlíthiúla ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus saoránach ar leibhéal an Aontais doiléir: tá siad éagsúil ó thaobh gnéithe áirithe, ach tá forluí eatarthu chomh maith. Mar shampla, ní féidir le comhphobail fuinnimh in-athnuaite ach fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint, ach i gcás chomhphobail fuinnimh saoránach, d'fhéadfadh siad leictreachas nach bhfuil in-athnuaite a tháirgeadh freisin. Tá forluí eatarthu i dtéarmaí rialachais agus cuspóra (féach ***Fíor 3***). Cé gur eisigh an Coimisiún treoraíocht chun sainmhínithe na gcomhphobal saoránach a shoiléiriú, leag údaráis náisiúnta agus páirtithe leasmhara[2] béim ar a débhríocht agus ar an mearbhall a bhí ann dá bharr. I ***mBosca 1***, tugtar samplaí de na comhphobail fuinnimh sin.

## Fíor 3 | Comhphobail saoránach agus fuinnimh in-athnuaite – príomh-idirdhealuithe agus comhphrionsabail

### Comhphobail fuinnimh in-athnuaite

- **Fuinneamh in-athnuaite** amháin
- Is féidir le baill a bheith ina **gcuideachtaí meánmhéide** freisin
- Á rialú ag daoine atá **gar** don tionscadal fuinnimh in-athnuaite
- Beidh **úinéireacht** ag eintiteas dlítheanach ar chuid de na sócmhainní giniúna fuinnimh

### An dá cheann

- An **t-eintiteas dlíthiúil** atá de dhíth
- Ballraíocht **dheonach, oscailte**
- Á rialú ag **baill den chomhphobal**
- Ní mór do chomhaltaí a bheith ina **ndaoine nádúrtha**, ina **n-údaráis áitiúla**, nó ina **gcuideachtaí beaga**
- **Tairbhí comhshaoil, eacnamaíocha nó sóisialta á soláthar don chomhphobal**, seachas tairbhí airgeadais
- **Fuinneamh ginte, tomhailte agus comhroinnte**

### Comhphobail fuinnimh saoránach

- **Leictreachas** amháin (is féidir fuinneamh nach bhfuil in-athnuaite a áireamh ann)
- Raon níos leithne ball gan rialú éifeachtach
- **Gan aon teorainn gheografach** ar shuíomh na mball
- Tagairt do **ghníomhaíochtaí sonracha** (e.g. seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh)

*Foinse:* CIE, bunaithe ar Threoir (AE) 2018/2001; Treoir (AE) 2019/944.

[2] Féach, mar shamplaC&F: Cad is comhphobail fuinnimh 'saoránach' agus 'in-athnuaite' ann?, REScoop.eu, 2019; Pacáiste Fuinnimh na Saoránach: rannpháirtíocht na saoránach, comhphobail fuinnimh agus 'táirgeoir is tomhaltóir', Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, 2025, míreanna 1.2 agus 5.5.

## Bosca 1

### Samplaí de chomhphobail fuinnimh

Is **comhphobal fuinnimh in-athnuaite Iodálach** é **'La Buona Fonte'** a bunaíodh in 2021. Shuiteáil sé gléasra gréine 19-kW ar scoil thréigthe, ag giniúint 20 MWh in aghaidh na bliana, agus aon trian á roinnt i measc a 25 chomhalta. In 2024, d'úsáid sé a ioncam €1 500 le haghaidh tionscadail shóisialta, amhail troscán uirbeach agus gníomhaíochtaí scoile.



Bunaíodh **comharchumann fuinnimh na hÍsiltíre 'Vrijstad Energie'** in 2014. Tá 375 bhall ann, agus bainistíonn sé díonta agus páirceanna gréine (1.3 MW) agus muilte gaoithe (6 MW). Cuireann sé an comhphobal ar an eolas freisin faoi fhuinneamh in-athnuaite agus faoi choigilt fuinnimh.



*Grianghluaisteán lena ngintear leictreachas in-athnuaite agus lena luchtaítear gluaisteáin leictreacha (© Amar Sjauw En Wa)*



*Daoine den phobal os comhair a muilte gaoithe*

19 Fuaireamar go n-úsáideann dhá Bhallstát as na ceithre cinn a ndearnadh iniúchóireacht orthu coincheapa maidir le comhphobail fuinnimh nach bhfuil ag teacht le sainmhínithe an Aontais. Ó Iúil 2025 ar aghaidh, ní raibh ag an **Ísiltír** ach comharchumainn fuinnimh amháin: eagraíochtaí faoi úinéireacht saoránach ina ndéanann comhaltaí fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, a úsáid nó a thrádáil go comhpháirteach, ach nach bhfuil bunaithe ar chreat dlíthiúil an Aontais. Ghlac siad sainmhíniú aonair ar chomhphobail fuinnimh, lena gcumhdaítear comhphobail fuinnimh in-athnuaite agus comhphobail fuinnimh saoránach araon, i reachtaíocht nua atá i bhfeidhm ó 2026 i leith. Thrasuigh an **Pholainn** sainmhínithe ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus saoránach araon faoi choincheap amháin – 'comhphobail fuinnimh saoránach' – ionas nach mbeadh dhá shainmhíniú ann ar chomhphobail fuinnimh a bhfuil gníomhaíochtaí comhchosúla acu. Úsáidtear ann dhá choincheap dhlíthiúla náisiúnta níos sine, comharchumainn fuinnimh agus braislí fuinnimh, atá cosúil le comhphobail fuinnimh ach nach bhfuil bunaithe ar chreat dlíthiúil an Aontais, chomh maith le struchtúir eagraíochtúla a bhfuil stádas dlíthiúil sonrach acu[3] ('táirgeoirí is tomhaltóirí comhchoiteanna', 'táirgeoirí is tomhaltóirí fíorúla' agus 'táirgeoirí is tomhaltóirí ar tionóntaí iad').


20 Sa tuarascáil seo, bainimid úsáid as an bhfocal 'comhphobail' ar mhaithe le simplíocht chun tagairt chomhchoiteann a dhéanamh do chomhphobail fuinnimh ar fud na gceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, lena n-áirítear comharchumainn na hÍsiltíre agus comharchumainn/braislí na Polainne, toisc go gcomhlíonann siad spriocanna comhchosúla fiú mura bhfreagraíonn siad do shainmhínithe oifigiúla an Aontais.

21 Inár ngrúpaí fócais (féach ***Iarscríbhinn I***), mheas leath de na rannpháirtithe go raibh na sainmhínithe náisiúnta ar chomhphobail fuinnimh doiléir (féach ***Fíor 4***).

---

[3] LIFE Loop, ConnectHeat, Comanage, Tandems, *Creataí a cheadú le haghaidh comhphobal fuinnimh: staid reatha*, Energy Cities, 2025, lch. 24.

## Fíor 4 | Measann leath na bhfreagróirí go bhfuil na sainmhínithe náisiúnta ar chomhphobail fuinnimh doiléir




*Foinse:* CIE, bunaithe ar ghrúpaí fócais.

22 Léirigh ár n-anailís go gceadaíonn Treoracha an Aontais do shaoránaigh samhlacha eagraíochtúla malartacha a úsáid chun gníomhaíochtaí a dhéanamh atá cosúil le comhphobail fuinnimh in-athnuaite agus saoránach (amhail féintomhaltas comhchoiteann), ach tá siad éagsúil leo sin ina gceanglais bhunaithe, ina rialachas, ina gcuspóir agus ina rochtain ar thairbhí. Cuireann an éagsúlacht sin solúbthacht ar fáil ach d'fhéadfadh sé a bheith deacair comhphobail fuinnimh a chur in úsáid freisin. Tá sé sin ábhartha go háirithe d'fhoirgnimh árasán, ina raibh 48 % de dhaonra an Aontais in 2023, ina bhfuil cónaitheoirí eagraithe i dteannta a chéile cheana féin (féach ***Bosca 2***). Níor eisigh an Coimisiún treoraíocht lena soiléirítear na roghanna éagsúla atá ar fáil d'úinéirí árasán – ó fhéintomhaltas comhchoiteann simplí go comhphobal fuinnimh lánbhunaithe – chun tacú le roghanna eolasacha agus le rannpháirtíocht i gcomhhobail fuinnimh. Dúirt an Pholainn agus an Rómáin go mbeadh treoraíocht den sórt sin úsáideach.

## Bosca 2

### Comhphobail fuinnimh i bhfoirgnimh ilárasán

Cuireann foirgnimh ilárasán dromchlaí móra ar fáil chun grianphainéil a shuiteáil. I gcás RED II, ceadaítear d'úinéirí árasán gníomhú mar 'fhéintomhaltóirí fuinnimh in-athnuaite atá ag gníomhú go comhpháirteach', trínar féidir le roinnt tomhaltóirí atá lonnaithe san 'fhoirgneamh céanna nó sa bhloc ilárasán' iad féin a eagrú chun leictreachas in-athnuaite féintáirgthe a ghiniúint, a thomhailt, a stóráil agus a dhíol. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit socruithe den sórt sin a cheadú gan gá le heintiteas dlíthiúil a chruthú. Sna ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, is féidir le húinéirí árasán eagrú i dteannta a chéile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil;
- fuinneamh a chomhroinnt, tríd an bhfuinneamh a ghintear do limistéir choiteanna a úsáid chun billí cónaitheoirí a laghdú, nó tríd an bhfuinneamh a ghintear – nó na tairbhí a ghintear trí fhuinneamh a dhíol – a leithdháileadh ar chónaitheoirí;
- an fuinneamh a ghintear a dhíol.

D'fhéadfadh sé gur mhian leis na tomhaltóirí céanna dul níos faide/dul i mbun gníomhaíochtaí eile, nó teagmháil a dhéanamh le foirgnimh eile/le gnólachtaí beaga trí chomhphobal fuinnimh a chruthú. Ní mór é sin a dhéanamh trí eintiteas dlíthiúil. De réir an Choimisiúin, ní féidir leo an comhlachas úinéirí atá ann cheana a úsáid – an struchtúr dlíthiúil chun gníomhú i dteannta a chéile agus chun comhlimistéir a bhainistiú – chun clárú mar chomhphobal fuinnimh, toisc go gceanglaítear leis an dlí ballraíocht a ghlacadh sna comhlachais sin. Os a choinne sin, tá gá le ballraíocht dheonach agus oscailte chun comhphobal fuinnimh a bhunú. Mar is amhlaidh i gcás úinéirí tí, bheadh orthu eintiteas dlíthiúil ar leithligh iomlán nua a chruthú sa chás sin. I gcás úinéirí árasán, d'fhéadfadh an gá atá le struchtúr riaracháin eile a chruthú, ar rud é sin a chuireann leis an mbainistiú foirgneamh atá ann cheana, a bheith doiléir. D'fhéadfadh sé go measfaí go bhfuil sé sin iomarcach, rud a chuirfeadh bac ar ghlacadh ó chomhphobail fuinnimh.

**23** D'fhéadfadh rannpháirtíocht na saoránach a dhíspreagadh mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas: sainmhínithe doiléire an Aontais ar chomhphobail fuinnimh, úsáid neamhréireach na gcoincheap sin in dhá Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu, agus easpa soiléireachta maidir leis na samhlacha eagraíochtúla éagsúla do shaoránaigh chun a) suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a thógáil i dteannta a chéile, b) an fuinneamh a tháirgtear a chomhroinnt, nó c) barrachas leictreachais a dhíol. Is féidir leo freisin moill a chur ar chruthú comhphobal fuinnimh.


## Rinneadh rómheastachán ar an rannchuidiú a rabhthas ag dréim leis ó chomhphobail fuinnimh le giniúint fuinnimh in-athnuaite

**24** I Measúnú tionchair 2016 ar RED II, bhí an Coimisiún ag brath ar staidéar ó chomhairleoir (CE Delft[4]), chun an méid seo a leanas a rá i dtaobh an Aontais; *'.faoi 2030, d'fhéadfadh níos mó ná 50 GW d'fhuinneamh gaoithe agus níos mó ná 50 GW de ghrianfhuinneamh a bheith faoi úinéireacht comhphobal fuinnimh, i.e. 17 % agus 21 % den toilleadh suiteáilte faoi seach"*. Bhí ionchais an Choimisiúin bunaithe ar choincheap leathan pobal fuinnimh, ós rud é nár glacadh sainmhínithe an Aontais ar na Treoracha go fóill. Naoi mbliana ina dhiaidh sin, sheiceálamar an raibh an meastachán sin réalaíoch.

**25** Léirítear i ***bhFíor 5*** acmhainneacht giniúna gréine agus gaoithe na gcomhphobal fuinnimh in 2024 sna Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu. Sa **Pholainn** agus san **Iodáil**, rannchuidigh siad le thart ar 0.1 % den acmhainneacht giniúna gréine agus 0.01 % den acmhainneacht giniúna gaoithe in Eanáir 2025. Bhí a rannchuidiú níos airde san **Ísiltír** – 1.5 % agus 3.2 %. D'fhéadfadh comhfhuinneamh na gcomhphobal sin cathair mhór san **Ísiltír** agus baile beag sa **Pholainn** nó san **Iodáil** a chumhachtú. Sa **Rómáin**, ní ghineann an t-aon phobal fuinnimh amháin leictreachas.

[4] CE Delft, *Acmhainneacht na saoránach fuinnimh san Aontas Eorpach*, Meán Fómhair 2016.


## Fíor 5 | Rannchuidiú na gcomhphobal fuinnimh le toilleadh cumhachta in-athnuaite gréine agus gaoithe sna Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu (2024)




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí Eurostat, an tÚdarás Rialála Náisiúnta agus an Aireacht Aeráide agus Comhshaoil sa Pholainn, Fondúireacht Hier san Ísiltír, Gestore dei Servizi Energetici (GSE) san Iodáil, agus an Aireacht Fuinnimh sa Rómáin.

**26** In 2024, d'eisigh CE Delft[5] ceithre réamhaisnéis maidir le hacmhainneacht na gcomharchumann fuinnimh faoi 2030 san **Ísiltír**, agus úsáid á baint as sonraí 2023. Tá comharchumainn fuinnimh na hÍsiltíre forbartha go maith anois, rud a fhágann go bhfuil réamhaisnéis níos iontaofa ná mar a bhí i measúnú tionchair an Choimisiúin in 2016. Léiríonn ár n-anailís (féach ***Fíor 6***) go bhféadfadh comharchumainn fuinnimh san **Ísiltír** rannchuidiú le thart ar **4.4 % den toilleadh giniúna gréine** agus **4.3 % den acmhainneacht giniúna gaoithe** in 2030 – i bhfad faoi bhun an 21 % agus 17 % a measadh in 2016.

### Fíor 6 | An sciar den toilleadh giniúna fuinnimh in-athnuaite atá faoi úinéireacht comhphobal fuinnimh san Ísiltír




*Nóta:* Rinneamar anailís CE Delft a choigeartú trí thoilleadh gaoithe náisiúnta amach ón gcósta a chur leis (nach raibh san áireamh ina gcuid oibre bunaidh), agus ghlacamar leis nach mbeadh sócmhainní den sórt sin faoi úinéireacht comharchumann fuinnimh mar gheall ar a gcostais. Bhaineamar úsáid freisin as an gcás is réadúla de réir CE Delft.

*Foinse:* Anailís CIE, bunaithe ar *Acmhainneacht na saoránach fuinnimh san Aontas Eorpach*, CE Delft, 2016; *Comhphobail fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann. Staidéar ar acmhainneacht na gcomhphobal fuinnimh san Ísiltír*, CE Delft, 2024; *Toilleadh táirgeachta leictreachais le haghaidh foinsí in-athnuaite agus dramhaíola*, Eurostat, 2025; *Creat Forbartha um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta*, arna choimisiúnú ag Comhairle Ollannach na nAirí, 2022.

**27** Go hachomair, measaimid go raibh an rannchuidiú a raibh coinne leis ó chomhphobail fuinnimh maidir le toilleadh giniúna fuinnimh in-athnuaite ródhóchasach, de réir mar a tuaradh i Measúnú Tionchair 2016 ar RED II.

[5] CE Delft, *Comhphobail fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann. Staidéar ar acmhainneacht na gcomhphobal fuinnimh san Ísiltír*, Deireadh Fómhair 2024.

## Leagtar amach uaillmhian i gcuspóir an Aontais, ach tá easpa ábharthachta, intomhaisteachta agus formhuinithe náisiúnta ann

**28** Chuir an Coimisiún cuspóir do chomhphobail fuinnimh i Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh: *'Oibreoidh an tAontas agus na Ballstáit le chéile chun comhphobal fuinnimh in-athnuaite amháin ar a laghad a bhunú i ngach bardas le daonra os cionn 10 000 duine faoi 2025".* Mhínigh sí gur toradh é an cuspóir sin ar phróiseas atriallach polaitiúil. Cuireadh san áireamh ann tuairimí Pharlaimint na hEorpa[6] agus an páipéar seasaimh ó REScoop.eu agus ó Energy Cities[7], a fuarthas agus iad ag dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara do Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh. Ní bhfuaireamar aon údar maith leis an gcaoi a ndearnadh cuspóir an Aontais mar a mhol an Coimisiún a chinneadh – bíodh sin i Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, i measúnú tionchair 2016, ná in aon doiciméad poiblí nó inmheánach eile de chuid an Choimisiúin.

**29** Rinneamar measúnú féachaint an bhfuil an cuspóir sin sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus faoi cheangal ama (SMART). Feicimid go leagtar amach uaillmhian i gcuspóir an Aontais, rud a léiríonn go dtacaíonn an tAontas le comhphobail fuinnimh a fhorbairt. Tá an cuspóir **sonrach** (an líon comhphobal fuinnimh atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh) agus **faoi cheangal ama** (faoi 2025).

**30** Mar sin féin, **is deacair an cuspóir a thomhas**: níl an téarma 'comhphobail fuinnimh atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite' a úsáidtear sa chuspóir ag teacht le sainmhínithe oifigiúla an Aontais ar chomhphobail fuinnimh (féach mír ***18***). De réir an Choimisiúin, cuimsíonn an cuspóir comhphobail fuinnimh in-athnuaite, ach freisin na comhphobail fuinnimh saoránach sin a tháirgeann leictreachas in-athnuaite. Thairis sin, níl aon treoraíocht ann lena sonraítear cad ba cheart a áireamh sa chuspóir – mar shampla, an gcumhdaítear leis sainmhínithe náisiúnta éagsúla ar chomhphobail fuinnimh, amhail comharchumainn fuinnimh san **Ísiltír** agus sa **Pholainn** (féach mír ***19***) nó cineálacha eagraíochtúla eile féintomhaltais chomhchoitinn.

---

[6] Grúpa na nGlasach/SCE, *Litir chuig an Uachtarán Von der Leyen*, 2022, lgh. 2-3.

[7] REScoop.eu agus Energy Cities, *Páipéar Seasaimh maidir le Comhairliúchán faoi Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh – freagairt choiteann*, 2022.

31 Thairis sin, ní dhearna an Coimisiún anailís féachaint an raibh an cuspóir sin **indéanta**. Measaimid freisin nach bhfuil **ábharthacht** ag baint leis, toisc go mbaineann sé leis na tairbhí a bhfuil coinne leo ó chomhphobail (féach ***Fíor 2***). Mar shampla, ní dhéantar líon na saoránach rannpháirteach a chainníochtú leis, ná ní dhéantar an toilleadh giniúna fuinnimh in-athnuaite a thomhas leis. Dá n-áireofaí an dá ghné sin agus dá ndéanfaí faireachán orthu, chuirfí béim níos fearr ar rannchuidiú na saoránach leis an aistriú fuinnimh. Tugadh aghaidh ar na gnéithe sin cheana féin sa mheasúnú tionchair ón gCoimisiún, agus rianaíonn roinnt Ballstát iad (féach ***Bosca 3***). Thug REScoop.eu[8] le fios nach dtugann an córas faireacháin atá ann faoi láthair léargas leordhóthanach ar rannchuidiú na gcomhphobal fuinnimh le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, ná le cumhachtú na saoránach san aistriú fuinnimh.

### Bosca 3

#### Samplaí de na Ballstáit a rianaíonn líon na ndaoine den phobal agus an toilleadh giniúna d'fhuinneamh in-athnuaite

Is fondúireacht atá cómhaoinithe ag rialtas na **hÍsiltíre** í HIER agus rianaíonn sí líon na ndaoine den phobal agus an toilleadh giniúna d'fhuinneamh in-athnuaite – nó déanann sí meastacháin (fíor don bhliain roimhe sin, nó ráta comhréidh íseal).

Is gníomhaireacht náisiúnta na **hIodáile** í GSE chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn, agus rianaíonn sí an toilleadh agus cineál giniúna, sonraí pearsanta na ndaoine, agus sonraí eile amhail acmhainneacht stórála le haghaidh gach comhphobal fuinnimh.

Sa **Pholainn**, rianaíonn an Lárionad Tacaíochta Náisiúnta don Talmhaíocht líon na ndaoine i ngach comhphobal fuinnimh agus an toilleadh/cineál giniúna.

*Foinse:* Suíomh gréasáin Hier; suíomh gréasáin GSE; Suíomh gréasáin an Lárionaid Tacaíochta Náisiúnta don Talmhaíocht.

32 Leis an Rialachán Rialachais[9], ceanglaítear ar na Ballstáit a áireamh ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna), *'i gcás inarb infheidhme, conairí agus cuspóirí náisiúnta, lena n-áirítear iad siúd [le haghaidh] comhphobail fuinnimh in-athnuaite"*. Sheiceálamar ar fhormhuinigh rialtais cuspóir an Aontais trína léiriú ina PNFAnna.

---

[8] REScoop.eu, Freagairt ar ghlao an Choimisiúin ar fhianaise maidir le Pacáiste Fuinnimh na Saoránach, Meán Fómhair 2025, lch. 18.

[9] Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, Iarscríbhinn I.

33 Fuaireamar amach gur fhág treoraíocht an Choimisiúin[10] go raibh sé roghnach cuspóirí do chomhphobail fuinnimh a áireamh in PNFAnna, i gcomhréir le foclaíocht an Rialacháin. Mar thoradh air sin, níor léirigh ach an **Iodáil** agus an **Pholainn** spriocanna do chomhphobail fuinnimh ina bpleananna (féach ***Bosca 4***), ach ní raibh siad sin ailínithe go hiomlán le cuspóir an Aontais. Leis na moltaí ón gCoimisiún maidir leis na dréacht-PNFAnna, níor tugadh aghaidh ar easpa cuspóirí na gcomhphobal fuinnimh i gcás ina raibh siad sin in easnamh nó mí-ailínithe toisc, faoin Rialachán maidir le Rialachas, níl gá le cuspóirí náisiúnta ó thaobh an dlí de.

### Bosca 4

#### Spriocanna do chomhphobail fuinnimh san Iodáil agus sa Pholainn

Ina PNFA, thagair an **Iodáil** do bheart de chuid na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) dar luach €2.2 billiún lena ndírítear ar fhéintomhaltas comhchoiteann agus ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite i mbardais ina bhfuil níos lú ná 5 000 áitritheoir, agus é mar aidhm 2 GW ar a laghad de thoilleadh fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt faoi 2026. Mar sin féin, níl sé ailínithe le cuspóir an Aontais, a leagtar síos do bhardais ina bhfuil os cionn 10 000 áitritheoir, agus ní leagtar síos sprioc do líon na gcomhphobal. In Iúil 2025, leathnaigh **an Iodáil** sprioc RRF chuig bardais ina bhfuil suas le 50 000 áitritheoir.

Mheas **an Pholainn** go bhféadfadh 300 comhphobal fuinnimh a bheith ann, arb ionann sin agus aon trian de na 881 bhardas sa Pholainn ina bhfuil níos mó ná 10 000 áitritheoir, faoi 2030 (ní faoi 2025 mar atá i gcuspóir an Aontais).

*Foinse:* PNFA na hIodáile, nuashonraithe agus críochnaitheach, Meitheamh 2024; PNFA na Polainne, an dréacht nuashonraithe, Márta 2024 (níor foilsíodh an PNFA nuashonraithe, críochnaitheach).

34 Ar an iomlán, fuaireamar gur bhunaigh an Coimisiún cuspóir an Aontais do chomhphobail fuinnimh ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara, ach ní bhfuaireamar aon údar leis an gcaoi ar cinneadh an cuspóir sin. Cé go leagtar amach uaillmhian leis an gcuspóir agus go bhfuil sé sonrach agus faoi cheangal ama, níl sé go hiomlán ábhartha agus is deacair é a thomhas. Ní dhearna an Coimisiún anailís le fáil amach an raibh sé indéanta ach an oiread. Thairis sin, níl pleananna na mBallstát ag teacht go hiomlán le cuspóir an Aontais ina PNFAnna, rud a léiríonn úinéireacht íseal náisiúnta. Tá an baol ann go mbainfidh na teorainneacha sin an bonn d’éifeachtacht bheartas an Aontais.

---

[10] An Coimisiún Eorpach, Fógra ón gCoimisiún maidir le Treoraíocht do na Ballstáit i ndáil le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú, 2022; Teimpléad anótáilte Iarscríbhinn I (cuid I, Roinn A) den Rialachán Rialachais chun na PNFAnna nuashonraithe a ullmhú.

## Tá an faireachán neamhiomlán, agus ní dócha go mbainfear amach cuspóir 2025 an Aontais

35 Rinneamar measúnú féachaint an raibh córas faireacháin bunaithe ag an gCoimisiún, bunaithe ar shonraí iontaofa agus comhsheasmhacha, chun an dul chun cinn i dtreo chuspóir an Aontais a rianú, i gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin[11] *'faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an tionscnaimh seo ar bhonn bliantúil'*. Sheiceálamar freisin ar thuairiscigh sé ar dhul chun cinn i gcoinne an chuspóra sin.

36 Fuaireamar go raibh an Coimisiún ag brath ar fhardal *ad hoc* de chomhphobail fuinnimh arna thiomsú ag conraitheoir chun líon na gcomhphobal fuinnimh a rianú in 2024. Áirítear san fhardal sin comhphobail nár bunaíodh iad faoi shainmhínithe an Aontais, amhail thart ar 700 comharchumann fuinnimh san **Ísiltír** (féach mír ***19***), agus coincheapa eagraíochtúla comhchoiteanna féintomhaltais, mar shampla sa **Pholainn**. Ní shainaithnítear ann ach oiread cé na comhphobail atá 'bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite'. Tá an Coimisiún ar an eolas faoi na míbhuntáistí sin, agus tá sé beartaithe aige an fardal a cheartú trí Mhol Comhairleach Fuinnimh na Saoránach, ar tionscnamh de chuid an Aontais é, lena gcuirtear cúnamh teicniúil ar fáil do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara áitiúla amhail comhphobail fuinnimh. Ní dhearna an Coimisiún na comhphobail fuinnimh a mheaitseáil le daonra na mbardas ina bhfuil siad lonnaithe chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcomparáid le cuspóir an Aontais. Tá sé beartaithe aige é sin a dhéanamh in 2026, tar éis an sprioc-ama a leagtar síos don chuspóir. Amhail ó Nollaig 2025, ní raibh aon tuarascáil foilsithe ag an gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn i dtreo chuspóir an Aontais.

[11] An Coimisiún Eorpach, Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, COM(2022) 221.

**37** Fuaireamar nach rianaíonn aon cheann de na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu an dul chun cinn náisiúnta i dtreo chuspóir an Aontais trí chomhphobail fuinnimh a mheaitseáil le bardais. Coinníonn an **Pholainn** agus an **Iodáil** clár ar bun, seiceálann siad go gcomhlíonann comhphobail ceanglais dhlíthiúla náisiúnta agus nuashonraíonn siad a gclár gach seachtain nó mí. San **Ísiltír**, déanann HIER[12] fardal comharchumann fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta gach bliain, trína reachtanna agus a stádas gníomhaíochta a sheiceáil. Ní choinníonn an **Rómáin** aon chóras clárúcháin ná aon fhardal comhphobal ar bun. Thairis sin, níor eisigh an **Ísiltír** ná an **Pholainn** treoraíocht lena soiléirítear ar cheart comharchumainn nár bunaíodh faoi shainmhínithe an Aontais a chlárú ar an mbealach céanna (féach mír ***30***). Cé gur thug an Coimisiún roinnt treoraíochta[13] do na Ballstáit maidir le pobail a chlárú, ní raibh an treoraíocht sin dírithe go leordhóthanach ar na príomhghnéithe is gá chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (e.g. an raibh comhphobail bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite).

**38** Cuireann an easpa faireacháin chórasaigh atá bunaithe ar shonraí iontaofa comhsheasmhacha bac ar chumas na n-údarás náisiúnta agus an Aontais le measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo chuspóir an Aontais. Cuireann sé bac freisin ar ghníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh más dócha go gcaillfear an cuspóir, agus ar bheartais a choigeartú dá réir.

**39** Sheiceálamar an bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart chun a chuspóir a bhaint amach ag tús 2025. Bhailíomar an fardal – lena gcumhdaítear na Ballstáit uile – a cuireadh ar fáil don Choimisiún i Samhain 2024. Cé go bhfuil teorainneacha ag baint leis (féach mír ***36***), measaimid gurb é an fardal is fearr de chomhphobail é atá ar fáil faoi láthair. Rinneamar é a nuashonrú le figiúirí a bailíodh ó na tíortha faoi iniúchóireacht i Márta 2025. Ar deireadh, rinneamar na comhphobail a mhapáil chuig bardais ina bhfuil níos mó ná 10 000 áitritheoir chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo chuspóir an Aontais.

**40** Mar a léirítear i ***bhFíor 7***, rinne an Danmhairg, an **Ísiltír** agus Éire dul chun cinn maith i dtreo chuspóir an Aontais. Ní raibh tíortha eile chomh forbartha céanna: mar shampla, bhí comhphobal fuinnimh ag níos lú ná 10 % de bhardais os cionn 10 000 áitritheoir sa **Pholainn**, san **Iodáil** agus sa **Rómáin**. Ar an meán, bhí thart ar 27 % dá chuspóir bainte amach ag an Aontas.


---

[12] HIER, *Lokale Energie Monitor*, 2024.

[13] Féach, mar shampla: An Coimisiún Eorpach, Treochlár chun creat beartais agus dlíthiúil a fhorbairt lena bhféadfar comhphobail fuinnimh a fhorbairt, lch. 40-44.

## Fíor 7 | Dul chun cinn i dtreo chuspóir Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh

**Céatadán na mbardas ina bhfuil comhphobal fuinnimh amháin ar a laghad atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh os cionn 10 000 áitritheoir**





** Ní raibh aon sonraí suímh maidir le comhphobail fuinnimh na hOstaire san áireamh i mbunachar sonraí TANDEM.*

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhardal TANDEM (Samhain 2024), nuashonraithe le sonraí ó chláir náisiúnta san Ísiltír, sa Pholainn, san Iodáil agus sa Rómáin i Márta 2025, agus bunachar sonraí na nAonad Riaracháin Áitiúil Eurostat 2023 ina léirítear an daonra in aghaidh an aonaid riaracháin.

**41** Mar sin féin, d’fhás comhphobail fuinnimh go tapa – faoi 80 % agus 75 % faoi seach – sa **Pholainn** agus san **Iodáil** le linn Eanáir-Meitheamh 2025 (féach ***Fíor 8***). D’fhan an méid comharchumann réasúnta cobhsaí san **Ísiltír** (688 in 2023 agus 702 in 2024; níl sonraí 2025 ar fáil go fóill) toisc go raibh siad ard agus gan athrú cheana féin sa **Rómáin** (comhphobal fuinnimh amháin). Leis an bhfás dinimiciúil sin, tá dearcadh dearfach ann maidir le comhphobail fuinnimh a fhorbairt a thuilleadh. Cé nach féidir gaolmhaireacht chúise dhíreach a shuí, is dócha gur chuir dreasachtaí airgeadais sa **Pholainn** (amhail muirir ghréasáin laghdaithe) agus bearta san **Iodáil** (lena n-áirítear fóirdheontais RRF, rialacha oibríochtúla, treoraíocht fheabhsaithe, clárú cuíchóirithe, incháilitheacht leathnaithe, agus limistéir comhroinnte fuinnimh níos leithne) le fás na gcomhphobal fuinnimh.

### Fíor 8 | An fhorbairt ar mhéid na gcomhphobal fuinnimh idir Eanáir agus Meitheamh 2025




** Líon na ‘bhfoirmíochtaí’, i.e. grúpaí daoine a roinneann fuinneamh i mbardais éagsúla*

*Foinse:* CIE, bunaithe ar chláir na Polainne agus na hIodáile.

# Níor bhunaigh na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu na coinníollacha uile ba ghá chun comhphobail fuinnimh a fhorbairt

## Tá trasuí threoracha an Aontais neamhiomlán

42 Ceanglaíodh ar na Ballstáit IMED a thrasuí faoin 31 Nollaig 2020 agus RED II faoin 30 Meitheamh 2021. Tá an Coimisiún freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais ag na Ballstáit agus gníomhaíocht chuí a dhéanamh chun comhlíonadh a fhorfheidhmiú. Sheiceálamar an raibh an dá threoir trasuite in am ag rialtais, agus ar thug an Coimisiún aghaidh ar mhoilleanna nó ar thrasuí nach bhfuil leormhaith.

43 Fuaireamar gur dhearbhaigh na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu go raibh RED II agus IMED á dtrasuí go hiomlán acu. Mar sin féin, bhí a ndearbhuithe idir cúig mhí agus beagnach ceithre bliana tar éis na sprioc-amanna trasuí. De réir sheiceálacha trasuímh an Choimisiúin, as na ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu níor léirigh ach an **Iodáil** go ndearna gach comhphobal fuinnimh an dá threoir a thrasuí ó Iúil 2025 ar aghaidh. Léirigh an **Pholainn** agus an **Rómáin** go ndearna siad na forálacha uile ba ghá a thrasuí ó IMED, ach ní ó RED II.

44 Rinne an Coimisiún obair leantach ar an easpa trasuí trí litreacha fógra fhoirmiúil agus tuairimí réasúnaithe a eisiúint. Ó Mheitheamh 2025, áfach, níor tharchuir an Coimisiún aon cheann de na ceithre chás eile de neamh-thrasuí (neamh-thrasuí RED II don **Ísiltír**, don **Pholainn** agus don **Rómáin** agus neamh-thrasuí IMED don **Ísiltír**) chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

45 Ní hamháin go mbaineann trasuí neamhiomlán nó moillithe an bonn d’intinn reachtach na dtreoracha, ach tugtar éiginnteachtaí do pháirtithe leasmhara isteach leis freisin, atá ag iarraidh bheith rannpháirteach i dtionscnaimh comhphobail fuinnimh (nó iad a sheoladh).

## Thuairiscigh leath na mBallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu ar an measúnú náisiúnta éigeantach ar na bacainní

46 Ceanglaítear le RED II gur cheart do rialtais measúnú a dhéanamh ar na bacainní ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus ar an acmhainneacht chun na comhphobail sin a fhorbairt. I dtaca leis na measúnuithe sin, ba cheart léargas a thabhairt ar na bacainní atá roimh chomhphobail fuinnimh ar fud na hEorpa, agus tacú le ceapadh beartas, bunaithe ar fhianaise, ar an leibhéal náisiúnta. Na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu, sheiceálamar ar thuairiscigh siad a measúnuithe, agus rinneamar anailís ar na measúnuithe a bhí ann cheana.

47 Bhailigh an Coimisiún measúnuithe ó 11 Bhallstát (41 %). Mar sin féin, measann sé nach gcomhlíonann roinnt acu ceanglais RED II: tá cuid acu róghinearálta (e.g. toilleadh giniúna fuinnimh in-athnuaite i gcoitinne), nó tá siad laghdaithe ó thaobh scóip de (e.g. measúnú ar bhacainní ach ní acmhainneacht iad). D'úsáid an Coimisiún na tuarascálacha sin le haghaidh na nithe seo a leanas:

- an tuarascáil maidir le bacainní agus ábhair spreagtha;
- ábhair a roghnú do chruinniú na Gníomhaíochta Comhbheartaithe le haghaidh na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite IV.

48 San **Ísiltír**, d'fhoilsigh an fhondúireacht *Hier* measúnú ar bhacainní[14] in 2023 agus 2024. In Aibreán 2024, chuir údaráis na hÍsiltíre litir chuig an bParlaimint, ina raibh tuairisc ar na gníomhaíochtaí beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin. D'fhoilsigh Aireacht Aeráide agus Comhshaoil na **Polainne** an measúnú is gá in 2024 (féach ***Bosca 5***). Mhaígh Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh na **hIodáile** gur oibrigh sí ar ghnéithe de mheasúnú den sórt sin. Mar sin féin, níor ullmhaigh ná níor fhoilsigh sé tuarascáil fhoirmiúil. Leis an dá thuarascáil a chuir an **Rómáin** ar fáil, ní thugtar aghaidh ach ar bhacainní iontrála sa mhargadh le haghaidh táirgeadh nua leictreachais in-athnuaite i gcoitinne, ach ní shainaithnítear iontu na bacainní sonracha atá roimh chomhphobail fuinnimh. Thairis sin, ní dhéantar measúnú sna tuarascálacha ar an acmhainneacht atá ann le comhphobail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt.

[14] HIER, *Knelpunteninventarisatie energiecoöperaties*, 2024.

**Bosca 5**

**Samplaí de bhacainní arna liostú ag Aireacht Aeráide agus Comhshaoil na Polainne**

- I dtaca leis an **gcreat dlíthiúil** do chomhphobail fuinnimh: tá sé ilroinnte idir gníomhartha reachtacha iomadúla; níl léirmhíniú soiléir ann; athraíonn sé go minic; agus tá foirmiúlacht iomarcach ag baint leis. Cruthaíonn sé sin éiginnteacht dhlíthiúil agus méadaíonn sé costais riaracháin agus chomhlíonta.
- Is minic a bhíonn moill ar chomharchumainn fuinnimh nó a dhiúltaíonn oibreoirí eangaí dóibh agus iad ag iarraidh **suiteálacha nua fuinnimh in-athnuaite a nascadh** mar gheall ar dhrochbhail na n-eangach áitiúil.
- Meastar nach leor na **scéimeanna tacaíochta airgeadais**, go bhfuil siad róchasta agus go bhfuil sé deacair rochtain a fháil orthu. Bíonn sé deacair ar chomharchumainn iasachtaí a fháil mar gheall ar a gcuntas teiste airgeadais atá teoranta, agus mar gheall ar a n-acmhainneacht creidmheasa íseal.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar *Anailís ar Bhacainní Dlí, Riaracháin agus Eagraíochtúla ar Fhorbairt na gComhphobal Fuinnimh*, 2024, Aireacht Aeráide agus Comhshaoil na Polainne.

49 Dá bhrí sin, fuaireamar nár thuairiscigh ach leath de na tíortha a ndearnadh iniúchóireacht orthu ar a measúnú ar na bacainní ar chomhphobail fuinnimh agus ar a n-acmhainneacht dóibh. In éagmais na measúnuithe sin, tá an baol ann go gcaillfidh gníomhaíochtaí náisiúnta agus gníomhaíochtaí an Aontais araon a n-éifeachtacht, rud a chuirfidh moill ar leathnú na gcomhphobal fuinnimh.

## Tá treoraíocht ann, ach is minic a bhíonn sé deacair í a chur i bhfeidhm gan cúnamh ó shaineolaithe

50 Ba cheart don Choimisiún treoraíocht a chur ar fáil (e.g. treoirlínte, fóraim le haghaidh malartú faisnéise, agus oiliúint) do na Ballstáit maidir le tacú le comhphobail fuinnimh a fhorbairt. Dá réir sin, ba cheart do na húdaráis náisiúnta treoraíocht agus uirlisí a sholáthar (e.g. teimpléid, oiliúint, seirbhísí comhairleacha, agus faisnéis ar líne) ionas go mbeidh saoránaigh, gnólachtaí beaga agus údaráis áitiúla in ann comhphobail fuinnimh a chruthú agus a oibriú go héasca. Scrúdaíomar an raibh treoraíocht shoiléir eisithe ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun tacú le forbairt na gcomhphobal fuinnimh.

**51** Thacaigh an **Coimisiún Eorpach** le húdaráis náisiúnta agus le comhphobail fuinnimh trí imeachtaí a reáchtáil (féach na samplaí i ***mBosca 6***), agus chuir sé treoraíocht ar fáil trí Stóras na gComhphobal Fuinnimh, mar shampla: d'fhoilsigh sé treoracha maidir le bacainní agus ábhair spreagtha, ionaid ilfhreastail, agus comhroinnt fuinnimh. Tá roinnt nuashonruithe beartaithe ag an gCoimisiún in 2026, lena n-áirítear tuarascáil athbhreithnithe ar bhacainní uile-Aontais agus treoraíocht nua faoi Mhol Comhairleach Fuinnimh na Saoránach.

**Bosca 6**

### Samplaí d'imeachtaí an Choimisiúin maidir le comhphobail fuinnimh

Eagraítear Fóram Fuinnimh na Saoránach go bliantúil, agus is féidir dea-chleachtais a mhalartú ann maidir le saincheisteanna tomhaltóirí, le comhphobail fuinnimh san áireamh.

Leis an Treoir maidir le Gníomhaíocht Chomhbheartaithe le haghaidh Fuinneamh In-athnuaite IV[15], arna cómhaoiniú faoin gclár Fís 2020 agus a bheidh ar siúl ó 2021 go 2026, ceadaítear do thíortha taithí a mhalartú maidir le cur chun feidhme RED II.

D'eagraigh an Coimisiún seimineáir *ad hoc*, mar shampla maidir le forálacha chomhphobail fuinnimh na saoránach de IMED i mBealtaine 2022, agus maidir le féintomhaltas, custaiméirí gníomhacha agus comhphobail fuinnimh i mBealtaine 2025.

**52** Sna ceithre Bhallstát ar thugamar cuairt orthu, bhí na húdaráis náisiúnta sásta ar an iomlán le tacaíocht an Choimisiúin. Mar sin féin, ba dhíol sásaimh dóibh tuilleadh malartuithe dea-chleachtas agus tacaíocht shaincheaptha, mar shampla chun reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú.

---

[15] CA-RES IV, *CA-RES IV, Gníomhaíocht Chomhbheartaithe i ndáil leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite*, tionscadal Fís 2020, 2021 2026.

53 Chuir na rialtais náisiúnta treoraíocht ar fáil freisin chun tacú le comhphobail fuinnimh a fhorbairt. Cómhaoiníonn an **Ísiltír** dhá eagraíocht, Energie Samen agus HIER, a thacaíonn le comhphobail fuinnimh le hoiliúint, teimpléid agus seirbhísí riaracháin saincheaptha. Mheas comhphobail a ndeachthas i gcomhairle leo trí na fócasghrúpaí go raibh an tacaíocht sin leordhóthanach agus oiriúnach dá riachtanais. Mar sin féin, bhí deacrachtaí ag an dá phobal ar thugamar cuairt orthu chun tacaíocht thráthúil a fháil ó riaracháin bhardasacha mar gheall ar easpa saineolais áitiúil. Tharraing eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) san **Iodáil** agus sa **Pholainn** aird ar an tsaincheist freisin[16].

54 Sa **Pholainn**, bhí sé d'aidhm ag roinnt clár forbairt comhphobal a éascú (e.g. an scéim iasachta 'Fuinneamh do Cheantair Thuaithe', tionscadal RENALDO, agus na treoirlínte COMMENCE). Tháirg na tionscnaimh sin lámhleabhair, uirlisí ríofa agus ábhar oiliúna. D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, bhí easpa tacaíochta ag leath na gcomhphobal a ndeachthas i gcomhairle leo tríd an ngrúpa fócais, nó fuarthas go raibh an treoraíocht róchasta. Dheimhnigh na heagraíochtaí neamhrialtasacha ar bhuaileamar leo go bhfuil an tacaíocht ilroinnte agus nach bhfuil rochtain ag daoine nach saineolaithe iad uirthi.

55 San **Iodáil**, óstálann suíomh gréasáin GSE[17] físeáin mhíniúcháin, teimpléid dlí agus uirlisí idirghníomhacha chun comhphobail a chlárú agus a oibriú. D'eagraigh na húdaráis náisiúnta imeachtaí múscailte feasachta freisin. Léiríonn an plé a bhí againn le comhphobail fuinnimh agus le páirtithe leasmhara eile gur mheas comhphobail go raibh an treoraíocht fairsing agus dea-struchtúrtha, ach mheas siad gur minic a bhíonn gá le léirmhíniú gairmiúil chun í a úsáid. Cé go raibh faireachlann náisiúnta bunaithe ag an **Iodáil** in 2023 chun dea-chleachtais a scaipeadh, ní raibh torthaí bainte amach aici faoi thráth ár n-iniúchta.

56 Sa **Rómáin**, sholáthair an tÚdarás Rialála Náisiúnta (ÚRN)[18] um Fhuinneamh faisnéis arna iarraidh sin, ach ní raibh aon ábhar tiomnaithe ar fáil go poiblí ó Aibreán 2025. Tháinig líonra de 42 ionad ilfhreastail i bhfeidhm in 2025. Dúirt an Aireacht Fuinnimh go bhforbrófaí tuilleadh treoraíochta a luaithe a ghlacfar reachtaíocht thánaisteach.

---

[16] LIFE Loop, ConnectHeat, Comanage, Tandems, *Creataí a cheadú le haghaidh comhphobal fuinnimh: staid reatha*, Energy Cities, 2025, lgh. 21 agus 24.

[17] GSE, *Autoconsumo – elenco delle configurazioni*.

[18] An tÚdarás Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh (ANRE), anre.ro — Autoritatea Națională de Reglementare în Domeniul Energiei.

57 Ar an iomlán, thacaigh treoraíocht an Choimisiúin go héifeachtach leis na Ballstáit agus leis na saoránaigh chun comhphobail fuinnimh a fhorbairt. San Ísiltír – áit a raibh os cionn céad comharchumann ann cheana 10 mbliana ó shin – tá an cúnamh náisiúnta dea-struchtúrtha, praiticiúil agus éasca le rochtain. Os a choinne sin, sa Pholainn, san Iodáil agus sa Rómáin, tá an fhaisnéis atá ar fáil níos ilroinnte nó tá sé níos deacra í a úsáid gan tacaíocht ó shaineolaithe, rud a chruthaíonn bacainní do chomhphobail atá ag teacht chun cinn.

## Tá bearnaí fós ann i rannpháirtíocht na saoránach agus i gcuimsiú teaghlach leochaileach


58 Ceann d'aidhmeanna sonraithe an Choimisiúin do chomhphobail fuinnimh is ea rannpháirtíocht na saoránach a mhéadú, agus tairbhí a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha (féach ***Fíor 2***). I gcomhréir le RED II, bhí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeadh na saoránaigh rannpháirteach i gcomhphobail. Trí thosaíocht a thabhairt do dhaoine nádúrtha mar chomhaltaí, cuidítear le glacadh an chomhphobail le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a mhéadú[19]. Le RED II, ceanglaítear ar na Ballstáit freisin cead a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha rochtain a fháil ar chomhphobail. Rinneamar anailís féachaint an raibh forálacha dlíthiúla nó treoraíocht eisithe ag an gCoimisiún chun rannpháirtíocht saoránach agus teaghlach leochaileach a chur chun cinn, agus an raibh reachtaíocht nó bearta tacaíochta bunaithe ag na Ballstáit chuige sin.

[19] E.g. *An tionchar a bhíonn ag muinín agus rannpháirtíocht an chomhphobail ar inghlacthacht tionscadal fuinnimh in-athnuaite san Ísiltír agus sa tSín*, ScienceDirect, 2019.

59 Áiríodh sa togra reachtach bunaidh ón gCoimisiún[20] íos-tairseach do bhallraíocht na saoránach i gcomhphobail fuinnimh in-athnuaite, ach níor coinníodh an ceanglas sin sa treoir chríochnaitheach. Cuireann treoraíocht léirmhínitheach an Choimisiúin ar chumas na mBallstát sainmhínithe náisiúnta níos déine a thabhairt isteach – amhail ceangal a chur ar 51 % ar a laghad de bhaill a bhfuil cearta vótála acu a bheith ina ndaoine nádúrtha – ach ní thugann sé sainordú dó. Tacaíonn an treoir le rannpháirtíocht teaghlach leochaileach trína cheangal go dtabharfar an deis dóibh páirt a ghlacadh i gcomhphobail fuinnimh in-athnuaite. Chuir an Coimisiún treoraíocht[21] ar fáil do na Ballstáit freisin maidir le rannpháirtíocht teaghlach leochaileach, ach ní raibh na páirtithe leasmhara a raibh cruinniú againn leo sna ceithre Bhallstát a ndearnadh iniúchóireacht orthu ar an eolas faoi. Ina theannta sin, níor tugadh cothrom le dáta é i bhfianaise na hoibre taighde[22] agus na bhforbairtí beartais a rinne an tAontas le déanaí, e.g. bunú Chiste Aeráide Sóisialta an Aontais.

60 Tá saoránaigh ina mbaill de thart ar leath de na comhphobail fuinnimh a tháinig isteach inár ngrúpaí fócais (féach ***Fíor 9***). Tugann 40 % tacaíocht áirithe do theaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear saor-rochtain ar ghrianfhuinneamh, cúnamh airgeadais, nó comhairle coigilte fuinnimh (féach ***Fíor 10***).

### Fíor 9 | Maidir le leath na gcomhphobal fuinnimh a ndeachthas i gcomhairle leo, tá saoránaigh ina mbaill díobh




*Foinse:* CIE, bunaithe ar grúpaí fócais.


---

[20] An Coimisiún Eorpach, COM(2016) 767, 2016.

[21] Féach, mar shampla: An Coimisiún Eorpach, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin (SWD/2023/ 647): Treoraíocht ón Aontas maidir le bochtaineacht fuinnimh, 2023.

[22] Féach, mar shampla: Anailís Chríochach ar Mhargaí Fuinnimh Díláraithe, ESPON.

## Fíor 10 | Ní chuireann 60 % de na comhphobail fuinnimh a ndeachthas i gcomhairle leo aon tairbhe ar fáil do theaghlaigh leochaileacha




*Foinse:* CIE, bunaithe ar ghrúpaí fócais agus ar dheimhniú/ceartú freagraí trí thaighde idirlín.

61 Ní éilíonn an **Ísiltír** ar chomharchumainn fuinnimh saoránaigh a chur san áireamh ná tacú le teaghlaigh leochaileacha. Mar sin féin, cuireann sé dreasachtaí ar fáil chun saoránaigh a chur san áireamh: ceanglaítear leis an Scéim Fóirdheontais um Ghiniúint Fuinnimh Chomhoibritheach (féach mír *78*) líon íosta rannpháirtithe in aghaidh an tionscadail (ceann amháin in aghaidh gach 5 kW de thoilleadh giniúna) agus gur cheart cearta vótála comhionanna a bheith ag na rannpháirtithe uile. Bhí saoránaigh ina mbaill ag 83 % de na comhphobail Ollannacha a ghlac páirt i ngrúpaí fócais, agus chuir 60 % acu tairbhí ar fáil do theaghlaigh leochaileacha.

62 Ní éilíonn an **Pholainn** go dlíthiúil go mbeadh saoránaigh i láthair i gcomharchumainn fuinnimh, i mbraislí fuinnimh ná i gcomhphobail fuinnimh saoránach. Tá formhór na gcomhphobal fuinnimh comhdhéanta go hiomlán d'eintitis dhlíthiúla. I sampla randamach de 20 comharchumann (as 94 chomharchumann), níor chuir ach 10 % díobh saoránaigh san áireamh mar chomhaltaí. I gclár na Polainne a foilsíodh i Lúnasa 2025, tuairiscíodh go raibh 3-4 chomhalta ar an meán in aghaidh an chomharchumainn ag na 127 gcomharchumann: léiríonn an líon íseal sin forlámhas na bpáirtithe leasmhara institiúideacha ar shaoránaigh. Tugadh le fios i dTaighde 2024[23] freisin go bhfuil rannpháirtíocht na gcónaitheoirí róbheag. Níl aon fhoráil shonrach ann maidir le rannpháirtíocht teaghlach leochaileach. Ní raibh aon saoránach ag aon cheann de na comhphobail Pholannacha a ghlac páirt i ngrúpaí fócais, agus níor thairg ach comhphobal amháin tairbhí neamhairgeadais do theaghlaigh leochaileacha.

63 Ní éilíonn an **Iodáil** go dlíthiúil go mbeadh saoránaigh i láthair i gcomhphobail fuinnimh agus ní cheanglaíonn sí orthu tacú le teaghlaigh leochaileacha. I mBealtaine 2025, chun daoine aonair a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bPobail Fuinnimh In-athnuaite, leathnaigh an Iodáil incháilitheacht don taraif phréimhe iomlán ar fhuinneamh comhroinnte ó shuiteálacha arna maoiniú ag RRF chuig daoine aonair; roimhe seo, bhí an incháilitheacht sin teoranta d'eintitis phoiblí agus neamhbhrabúsacha[24]. Bhí saoránaigh ina mbaill ag dhá thrian de na comhphobail **Iodálacha** a ndeachamar i gcomhairle leo trínár ngrúpaí fócais, agus thug leath de na comhphobail tacaíocht do theaghlaigh leochaileacha. Shainaithníomar dhá réigiún freisin ina ndreasaíonn sásraí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa cuimsiú teaghlach leochaileach: sannann réigiún amháin[25] pointí breise do thograí tionscadail lena dtugtar aghaidh ar chuimsiú sóisialta, agus méadaíonn réigiún eile[26] luachanna deontais do chomhphobail fuinnimh a bhfuil grúpaí leochaileacha páirteach iontu.

---

[23] D. Kostecka-Jurczyk, M. Struś, K. Marak, *Ról na gComharchumann Fuinnimh maidir le Slándáil Fuinnimh agus Eacnamaíoch Bhardais na Polainne a áirithiú*, 2024.

[24] Decreto del Ministro dell'ambiente e della sicurezza energetica Uimh. 127 ón 16 Bealtaine 2025, Airteagal 1, comma 1, sub f), ii.

[25] Regione Lombardia, *Bando RELOAD CER*, 2025.

[26] Regione Lazio, *Avviso pubblico CER – Allegato al Decreto G17990*, 2024.

64 Is saoránaigh iad 95 % de bhaill an aon chomhphobal fuinnimh **Rómánaigh** amháin sa tír. Níl aon reachtaíocht náisiúnta ann lena gcuirtear cuimsiú na saoránach chun cinn. I Samhain 2025, d'achtaigh an **Rómáin** reachtaíocht lena gceadaítear do chomhphobail fuinnimh praghsanna fabhracha a thairiscint do thomhaltóirí leochaileacha agus do thomhaltóirí atá bocht ó thaobh fuinnimh de[27].

65 Sa **Pholainn**, san **Iodáil** agus sa **Rómáin**, in éagmais forálacha nó dreasachtaí chun rannpháirtíocht íosta na saoránach a áirithiú, méadaítear an riosca nach bhféadfaidh cuideachtaí nó bardais pobail a bhunú ach amháin chun rochtain a fháil ar shochair spriocdhírithe. Chuir NRAnna amhail REScoop.eu[28] agus NRA na Rómáine[29] an riosca sin i dtábhacht. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) rabhadh[30] *'go ndéantar an iomarca infheistíochtaí gan fíor-rannpháirtíocht áitiúil ná luach comhroinnte, rud a threisíonn samhail ón mbarr anuas agus a chuireann frithsheasmhacht an chomhphobail i mbaol'*. Moltar ann fóirdheontais fuinnimh a nascadh le rannpháirtíocht an chomhphobail agus a áirithiú go gcuirfear tionóntaí agus saoránaigh leochaileacha san áireamh i gcomhphobail fuinnimh.

66 Léiríonn ár n-anailís nach bhfuil ionadaíocht mhaith ag saoránaigh i gcomhphobail **Pholannacha**, ach go bhfuil ionadaíocht mhaith acu i gcomhphobail fuinnimh na **hÍsiltíre**, na **hIodáile** agus na **Rómáine**, cé nach ndéanann reachtaíocht a láithreacht éigeantach. Maidir le tacaíocht do theaghlaigh leochaileacha, is í an **Rómáin** amháin a bhunaigh reachtaíocht thiomnaithe, agus cuireann an **Iodáil** dreasachtaí ar fáil chuige sin. Cé gur chuir an Coimisiún treoraíocht ar fáil maidir le saoránaigh a mhealladh, ní dhearnadh an treoraíocht maidir le rannpháirtíocht teaghlach leochaileach a thabhairt cothrom le dáta, agus ní raibh na páirtithe leasmhara ar bhuaileamar leo ar an eolas fúithi.

---

27 Reacht Éigeandála Rialtais Uimh. 59/2025 an 7 Samhain 2025.

28 REScoop.eu, *Comhphobail fuinnimh: droichid a thógáil don daonlathas fuinnimh*, Bealtaine 2024.

29 ANRE agus Comhairle Iomaíochais na Rómáine, *Tuarascáil deiridh maidir le bacainní reachtacha ar acmhainneachtaí nua leictreachais in-athnuaite a nascadh leis an gCóras Náisiúnta Leictreachais*, 2023, lch. 75.


30 Pacáiste Fuinnimh na Saoránach: rannpháirtíocht na saoránach, comhphobail fuinnimh agus 'táirgeoir is tomhaltóir', Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, 2025, mír 4.6.

## Bíonn moill fhada ar chomhphobail fuinnimh, mar tháirgeoirí fuinnimh in-athnuaite, maidir le nascadh leis an eangach

67 Cé nach leagtar síos le dlí an Aontais sprioc-amanna sonracha chun comhphobail fuinnimh a nascadh leis an eangach, tá forálacha in RED II, Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle agus Treoir (AE) 2023/2413 'RED III' maidir le dlús a chur le naisc eangaí i gcomhthéacsanna éagsúla. Dá bhrí sin, bhíomar ag dréim leis go ndéanfadh oibreoirí córas dáileacháin (OCDanna) iarrataí ar nascadh leis an eangach ó chomhphobail fuinnimh a phróiseáil chomh tapa leis na hiarrataí ó tháirgeoirí fuinnimh in-athnuaite eile, chun tréimhsí ama intuartha a bhunú agus cloí leo chun rochtain ar an eangach a dheonú.

68 Thagair na comharchumainn fuinnimh a chuaigh isteach inár ngrúpaí fócais do mheán-agaí nasctha de bheagnach dhá bhliain (féach *Fíor 11*).

### Fíor 11 | Tá éagsúlacht mhór idir amanna nasctha eangaí na gcomhphobal fuinnimh a ndeachthas i gcomhairle leo ó thír go tír, agus tá na moilleanna is faide san Ísiltír





*Foinse:* CIE, bunaithe ar grúpaí fócais.

69 Le dlí fuinnimh na **hÍsiltíre**, cuirtear toirmeasc ar idirdhealú idir catagóirí úsáideoirí agus iarrataí ar nascadh leis an eangach á bpróiseáil. I gcás naisc 50 kW nó níos lú, ní mór rochtain a dheonú laistigh de 84 lá mura bhfuil gá le tochailt, nó 126 lá ina mhalairt de chás. Mar sin féin, léiríonn léarscáil plódaithe eangaí arna bunú ag OCD go gcuireann plódú eangaí cosc ar nascadh tráthúil tionscadal fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear iad siúd arna moladh ag comhphobail fuinnimh, sa chuid is mó den tír (féach ***Fíor 12***). Meabhraítear i measúnú na hÍsiltíre ar bhacainní 2024 '*go bhfuil fadhbanna leanúnacha ag baint leis an nasc leis an eangach leictreachais*'. Bhí 1 000 lá (3 bliana) ar an meán de dhíth ar na rannpháirtithe inár bhfócasghrúpa chun nascadh. I gcásanna den sórt sin, cuireann OCDanna iarratasóirí ar liosta feithimh go dtí go réiteofar an plódú. Thuairiscigh OCD amháin gur tháinig méadú ar an meán-am nasctha le haghaidh tionscadail nua fuinnimh in-athnuaite ó 210 lá go 280 lá (+ 33 %) idir 2020 agus 2024. Ó 2024 ar aghaidh, bhí níos mó ná 4 GW de thoilleadh in-athnuaite ag fanacht lena nascadh[31] – ar leor é sin chun leictreachas a sholáthar do thrí mhilliún duine.

[31] ABN AMRO, Eacnamaí ESG – Cosnaíonn moilleanna eangaí san Ísiltír suas le €376 mhilliún gach bliain, Meán Fómhair 2024.

## Fíor 12 | Plódú eangaí san Ísiltír




*Foinse:* Comhpháirtithe in Energie, *Capaciteitskaart – Totaal afname*, arna rochtain i Meitheamh 2025.
© Netbeheer Nederland, © arna chumhachtú ag Esri Nederland, © MapTiler, rannpháirtithe © OpenStreetMap.

**70** Shainaithin an **Pholainn** moilleanna nó diúltaithe ó OCDanna mar phríomhbhacainn ar fhorbairt comharchumann (féach ***Bosca 5***). Cé go bhfuil feidhm ag am nasctha fabhrach 30 lá maidir le comharchumainn fuinnimh a bhfuil micreashuiteálacha acu (suas le 50 kW), bhí 300 lá (10 mí) ar an meán de dhíth ar na rannpháirtithe inár bhfócasghrúpa chun nascadh.

**71** Níor leag an **Iodáil** aon nós imeachta ná tosaíocht shonrach síos do chomhphobail fuinnimh, cé nach mór d'oibreoirí eangaí tosaíocht a thabhairt d'iarrataí ar nascadh ó shuiteálacha in-athnuaite agus iad a phróiseáil laistigh de sprioc-amanna sonracha – mar shampla, laistigh de 10 lá i gcás suiteálacha gréine suas le 200 kW. Mar sin féin, ba é 105 lá an meán-am nasctha a bhí ag OCD mór in 2024. Thagair na rannpháirtithe inár bhfócasghrúpa do mheántréimhse ama 150 lá (5 mhí) a bheidh le nascadh leis an eangach.

72 Sa **Rómáin**, níl aon nós imeachta sonrach ann do chomhphobail fuinnimh. I gcás toilleadh níos lú ná 400 kW, tá 20 lá ag OCDanna chun táirgeoirí is tomhaltóirí nua nó táirgeoirí is tomhaltóirí atá ann cheana a nascadh, nuair nach bhfuil gá le haon oibreacha breise. Seachas sin, bíonn suas le 62 lá acu.

73 Fiú nuair a bhí siad nasctha leis an eangach, dúirt na comhphobail fuinnimh ar bhuaileamar leo go bhféadfadh OCDanna a nasc a mhúchadh nuair a sháraíonn giniúint leictreachais toilleadh na heangaí. Mar shampla, sa **Pholainn**, ciorraíodh 600 GWh de leictreachas in-athnuaite ar an iomlán sa chéad leath de 2025[32] – méadú 34 % ón tréimhse chéanna in 2024. Mheas an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh go gcosnaíonn plódú €4 bhilliún san Aontas in 2023. Mheas Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin go bhféadfaí idir 111 agus 310 TWh de leictreachas in-athnuaite an Aontais a chiorrú mar gheall ar phlódú eangaí in 2040.

[32] A. Vassileva, *An Pholainn ag cur 637 MW de thoilleadh gréine le R1*, Renewables Now, Iúil 2025.

74 Trí ghiniúint fuinnimh a thabhairt níos gaire do thomhaltas an fhuinnimh sin, maíonn taighdeoirí[33] gur féidir le comhphobail fuinnimh cabhrú le plódú eangaí a mhaolú[34], gur féidir leo an gá atá le leictreachas a iompar thar achair fhada a laghdú[35], agus ar an gcaoi sin caillteanais fuinnimh a laghdú[36]. Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin go bhféadfadh féintomhaltas dul chun tairbhe don eangach[37]. Mar sin féin, chun na tairbhí sin a uasmhéadú, ba cheart an fuinneamh a tháirgtear a thomhailt laistigh den phobal i bhfíor-am (i.e. gach soicind, mar a ghintear é)[38]. Ní hamhlaidh an cás de ghnáth: níl patrúin táirgthe na gcomhphobal fuinnimh (amhail buaicphointe na giniúna gréine ag meán lae agus ag scor san oíche) ag teacht le gnáthphatrúin tomhaltais (lena mbaineann buaicphointe go luath ar maidin agus go luath tráthnóna).

---

[33] P. Ponnaganti, N. Andreadou, A. Purvins agus M. Masera. *Forálacha solúbthachta trí chomhphobail fuinnimh áitiúla: Athbhreithniú*, *Next Energy*, Iml. 1, Eagrán 2, Airteagal 100022, 2023.

[34] *Trádáil i gcomhphobail chliste fuinnimh: dá mhéad is ea is fearr é?*, CWI, Feabhra 2024.

[35] S. E. Berggren, E. Olausson, K. Tews, P. D. Lund, M. B. Blarke et al., *Comhphobail fuinnimh*, Nordic Energy Research, 2023.

[36] I. Diahovchenko agus L. Petrichenko, *Measúnú ar chaillteanais fuinnimh i gcórais dáilte cumhachta le táirgeoirí is tomhaltóirí aonair agus le comhphobail fuinnimh*, The Journal of Engineering, 2023.

[37] *I bhfócas:Comhphobail fuinnimh chun córas fuinnimh an Aontais a athrú ó bhonn*, an Coimisiún Eorpach, Nollaig 2022.

[38] Knirsch, F., Langthaler, O. agus Engel, D., *An tomhaltas leictreachais gan iontaoibh a optamú i gcomhphobail fuinnimh áitiúla*, Energy Informatics, 2019.

75 Chuir na OCDanna ar bhuaileamar leo san **Ísiltír** agus sa **Pholainn** i bhfios go láidir go mbeidís toilteanach sócmhainní nua leictreachais in-athnuaite a nascadh leis an eangach níos tapúla dá ndéanfaí giniúint fuinnimh a cheangal le freagairt don éileamh, le haistriú ualaigh nó le stóráil fuinnimh, toisc go laghdódh sé sin plódú eangaí. Leag taighde[39] agus páirtithe leasmhara[40] béim freisin ar an ngá atá le forbairt sócmhainní leictreachais in-athnuaite a chomhcheangal le seirbhísí solúbthachta den sórt sin, go háirithe stóráil, chun soláthar agus éileamh a chothromú gach soicind, plódú eangaí a laghdú le linn buaicthréimhsí, agus féintomhaltas a mhéadú. Leag an Coimisiún béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le hualach a aistriú[41] agus le díonta gréine a chomhcheangal le stóráil fuinnimh[42]. Tá tús curtha aige freisin le gníomhaíocht a dhéanamh, mar shampla mar chuid de rialacha athbhreithnithe an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite agus mar chuid dá thogra in 2025 maidir le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna chun tacú le stóráil leictreachais, ach ní go sonrach do phobail fuinnimh. Sa **Pholainn**, fuaireamar go bhfuiltear ag súil go mbainfidh braislí (ach ní comharchumainn ná comhphobail fuinnimh saoránach) tairbhe as taraifí laghdaithe chun stóráil fuinnimh a shuiteáil a luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún an beart ábhartha. Ní bhfuaireamar aon dreasachtaí den sórt sin sna Ballstáit eile a ndearnadh iniúchóireacht orthu. D'aithin an **Ísiltír** *'faoi láthair, nach bhfuil dreasachtaí nithiúla airgeadais ag comhphobail fuinnimh chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil agus chun an córas a bharrfheabhsú, rud a d'fhéadfadh plódú eangaí a ghéarú'*[43].

76 Ar an iomlán, ní bhfuaireamar aon fhianaise ar idirdhealú in aghaidh comhphobail fuinnimh nuair a bhí a n-iarrataí ar nascadh leis an eangach á bpróiseáil. Cuirtear moill ar fhorbairt na gcomhphobal fuinnimh san **Ísiltír** agus sa **Pholainn**, áfach, mar gheall ar phlódú eangaí toisc moilleanna agus diúltaithe ar nascadh leis an eangach. De réir taighde ó OCDanna agus ón gCoimisiún, bealach amháin chun dlús a chur leis na naisc sin is ea do chomhphobail fuinnimh seirbhísí solúbthachta a sholáthar.

---

39 P. Ponnaganti, N. Andreadou, A. Purvins agus M. Masera, *Forálacha solúbthachta trí chomhphobail fuinnimh áitiúla: Athbhreithniú*, *Next Energy*, Iml. 1, Airteagal 100022, 2023.

40 REScoop.eu, Freagairt ar ghlao an Choimisiúin ar fhianaise maidir le Pacáiste Fuinnimh na Saoránach, Meán Fómhair 2025, lgh. 5 agus lgh. 32-34.

41 *I bhfócas:Comhphobail fuinnimh chun córas fuinnimh an Aontais a athrú ó bhonn*, an Coimisiún Eorpach, Nollaig 2022.

42 An Coimisiún Eorpach, Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, 2022.

43 Litir ón Aire Aeráide agus Fáis Ghlais chuig Uachtarán Theach Ionadaithe Ginearálta na Stát (an Pharlaimint), Ról na gcomhphobal fuinnimh sa chóras fuinnimh, Meán Fómhair 2025.

## Le dreasachtaí airgeadais do chomhphobail fuinnimh, is féidir aisíocaíochtaí a dhéanamh atá ailínithe le huaillmhian Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh

77 Aithníodh gur constaic mhór roimh chomhphobail fuinnimh í an easpa maoinithe intuartha agus inrochtana, go háirithe le linn na gcéimeanna luatha d'fhorbairt an tionscadail. D'fhonn aghaidh a thabhairt air sin, luaitear i Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh gur cheart do na Ballstáit creataí láidre tacaíochta a bhunú do chórais griandín – an ghnáthfhoinse fuinnimh do chomhphobail – bunaithe ar agaí aisíoca intuartha níos lú ná 10 mbliana. I gcomhréir le RED II agus IMED, ba cheart comhphobail fuinnimh a bheith faoi réir 'muirir ghréasáin chostas-léiritheacha' freisin, rud a chiallaíonn nár cheart dóibh muirir a sheasamh as costais nach gcruthaíonn siad, ná díolúintí a fháil a d'aistreodh an t-ualach airgeadais go héagórach ar úsáideoirí gréasáin eile gan rochtain ar fhéintomhaltas.

78 Rinneamar anailís féachaint ar cheadaigh dreasachtaí airgeadais do chomhphobail fuinnimh sna Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu tréimhsí aisíoca réasúnta. Déantar achoimre i ***dTábla 1*** ar na dreasachtaí airgeadais do chomhphobail fuinnimh sna Ballstáit ar thugamar cuairt orthu.

## Tábla 1 | Achoimre ar dhreasachtaí airgeadais a bhaineann go sonrach le comhphobail fuinnimh

| Ballstát | Díolúintí ó mhuirir ghréasáin | Scéimeanna tacaíochta |
|---|---|---|
| An Ísiltír | Neamhbhainteach | • Cistí forbartha imrothlacha<br>• Préimh ar sholáthar leictreachais ar fhuinneamh a ghintear |
| An Pholainn | • Comharchumainn: Díolúine ó tháillí fuinnimh in-athnuaite, acmhainne, comhghiniúna agus dáileacháin<br>• Braislí: Díolúine ó tháillí fuinnimh in-athnuaite agus comhghiniúna, laghduithe ar an táille seirbhíse dáileacháin<br>• Comhphobail fuinnimh saoránach: Neamhbhainteach | • Comharchumainn agus braislí: Tacaíocht RRF do bhonneagar fuinnimh in-athnuaite<br>• Comharchumainn: Glanmhéadrú<br>• Comhphobail fuinnimh saoránach: Neamhbhainteach |
| An Iodáil | Déantar comhpháirt athraitheach den taraif tarchurtha a aisíoc i gcás leictreachas a chomhroinntear laistigh den phobal | • Préimh ar sholáthar leictreachais ar fhuinneamh a chomhroinntear<br>• Tacaíocht RRF do bhonneagar fuinnimh in-athnuaite |
| An Rómáin | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |

*Foinse:* CIE.

79 Ní thairgeann an **Ísiltír** díolúintí ó mhuirir ghréasáin, ach tá dhá chineál scéime tacaíochta ann a bhaineann go sonrach le comharchumainn fuinnimh:

- ciste forbartha imrothlach lena gcuirtear iasachtaí ar fáil do chomharchumainn fuinnimh le haghaidh na gcostas tosaigh a bhaineann le tionscadail ghaoithe agus ghréine (féach ***Bosca 7***);
- an Scéim Fóirdheontais um Ghiniúint Fuinnimh Chomhoibritheach, préimh ar sholáthar leictreachais arna ríomh go bliantúil, arb é is aidhm di suiteálacha comharchumann fuinnimh a dhéanamh brabúsach.

Bosca 7

## An Ciste Forbartha don Ghlúin In-athnuaite san Ísiltír

Is féidir le comharchumainn iarratas a dhéanamh ar iasachtaí saor ó ús (€10 000 go €300 000 ag brath ar chéim an tionscadail; suas le 80 % de na costais forbartha le haghaidh tionscadail ghaoithe agus ghréine), atá beartaithe le haghaidh ceannaireacht tionscadail, staidéir indéantachta, iarratais ar cheadanna, agus costais ullmhúcháin eile. Ranníocann an comharchumann féin 20 % in airgead tirim nó in uaireanta oibre deonaí.

Tá iasachtaí saor ó riosca do chomharchumainn: má chuirtear tionscadal ar ceal déantar an iasacht a fhorghéilleadh, ach má shroicheann sí dúnadh airgeadais aisíocann an comharchumann an iasacht le tobhach, rud a áirithíonn neamhthuilleamaíocht an chiste. Leis an sásra sin, neartaítear tionscnaimh chomhair áitiúla ag céim luath, nuair a bhíonn an riosca is mó ag baint le tionscadail.

Measann an Coimisiún[44], REScoop.eu[45], CESE[46] agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile[47] gur dea-chleachtas é an Ciste sin. De réir REScoop.eu[48], gach €1 de shluanna infheistíochta poiblí in €40 d'infheistíocht phríobháideach.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar Energie Samen, *Voorwaarden Ontwikkelfonds Opwek voor aanvragers en projecten*, Meitheamh 2024.

**80** Rinneamar anailís ar na tréimhsí aisíoca do shé thionscadal atá faoi úinéireacht chomharchumainn. Bhí an tréimhse idir 6 bliana agus 12 bhliain, mar a mholtar i Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh le haghaidh díonta gréine den chuid is mó (féach ***Fíor 13***). Léiríonn an t-athrú athruithe ar phraghsanna fuinnimh agus an phréimh ar sholáthar leictreachais a ríomhtar go bliantúil.

---

[44] An Coimisiún Eorpach, Ag breathnú ar chomhphobail fuinnimh trí lionsa údaráis áitiúil: braistintí, taithí agus riachtanais, 2024. An Coimisiún Eorpach, Treochlár chun creat beartais agus dlíthiúil a fhorbairt lena bhféadfar comhphobail fuinnimh a fhorbairt.


[45] REScoop.eu, Cistí Poiblí Eorpacha a ghiaráil chun tacú le Comhphobail Fuinnimh.

[46] Pacáiste Fuinnimh na Saoránach: rannpháirtíocht na saoránach, comhphobail fuinnimh agus 'táirgeoir is tomhaltóir', Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, 2025, mír 1.3.

[47] J. Arnould agus D. Quiroz, Cairde an Domhain, Comhphobail fuinnimh san Aontas Eorpach:Deiseanna agus bacainní ar mhaoiniú, Deireadh Fómhair 2022.

[48] REScoop.eu, Freagairt ar ghlao an Choimisiúin ar fhianaise maidir le Pacáiste Fuinnimh na Saoránach, Meán Fómhair 2025, lch. 27.

## Fíor 13 | Ailíníonn tréimhsí aisíoca le hionchais na Straitéise um an nGrianfhuinneamh, ach athraíonn siad de réir praghsanna fuinnimh agus ríomh na préimhe ar sholáthar leictreachais




*Foinse:* CIE, bunaithe ar ráitis airgeadais 2023 agus 2024 ó chomharchumann fuinnimh.

**81** Sa **Pholainn**, baineann comharchumainn fuinnimh tairbhe as díolúintí maidir le muirir ghréasáin – is é sin díolúintí ó fhuinneamh in-athnuaite, ó acmhainneacht, ó chomhghiniúint agus ó tháillí dáileacháin. Díolmhaítear braislí ó tháillí fuinnimh in-athnuaite agus comhghiniúna, agus is féidir leo a dtaraif dáileacháin a laghdú (fós faoi réir fhormheas an Choimisiúin). Ina theannta sin, is féidir le comharchumainn fuinnimh agus braislí fuinnimh araon tacaíocht RRF a fháil do bhonneagar fuinnimh in-athnuaite (suas le 91-95 % de na costais) agus is féidir le comharchumainn tairbhe a bhaint as glanmhéadrú freisin: is féidir leis na baill, in aghaidh gach cileavatuair a chuirtear isteach san eangach, 0.6 kWh a tharraingt saor in aisce ar bhonn rollach 12 mhí. De réir taighde[49], d'fhéadfadh comharchumainn fuinnimh na Polainne, trí na sásraí sin, tréimhse aisíoca 2.5 go 3 bliana a bhaint amach go teoiriciúil – i gcomhréir lenár n-anailís ar chomharchumann agus ar bhraisle a bhfuil sé beartaithe acu a n-infheistíocht a aisghabháil laistigh de trí bliana. Ní bhaineann comhphobail fuinnimh saoránach tairbhe as aon díolúine ná scéim tacaíochta.

[49] J. Jasinski, M. Kozakiewicz, M. Sołtysik, *Anailís ar Bhonneagar Eacnamaíoch agus Infheictheacht an Aistrithe ó Ghlanbhilleáil go Glanmhéadrú trí Chomharchumainn Fuinnimh a Úsáid*, Energies, imleabhar 17, uimh. 6, 2024.

82 San **Iodáil**, baineann comhphobail tairbhe as díolúintí ó mhuirir ghréasáin, ós rud é go n-aisíoctar an chuid athraitheach den taraif tarchurtha as leictreachas a chomhroinntear laistigh den phobal. Ina theannta sin, cuireann sé dhá phríomhdhreasacht ar fáil do chomhphobail fuinnimh in-athnuaite: préimh ar sholáthar leictreachais ar an bhfuinneamh a chomhroinntear laistigh den phobal (arna ríomh ar bhonn uaire), a íoctar ar feadh 20 bliain ag thart ar €0.10 in aghaidh an kWh, agus deontas caipitil lena gcumhdaítear suas le 40 % de na costais infheistíochta incháilithe, arna gcistiú trí RRF. Léiríonn cás-staidéir éagsúla tréimhsí aisíoca idir 5 bliana agus 14 bliana (féach ***Bosca 8***). Mheas údaráis na hIodáile go raibh tréimhsí aisíoca idir 11 bhliain agus 13 bliana ann le haghaidh cúig thionscadal theoiriciúla chun údar a thabhairt le déine státchabhrach.

### Bosca 8

#### Samplaí de thréimhsí aisíoca do chomhphobail fuinnimh in-athnuaite na hIodáile

Fuarthas tréimhse aisíoca thart ar 5 bliana in anailís indéantachta eacnamaíche ar chomhphobal fuinnimh in-athnuaite i mbardas Tirano (an Lombaird), ina bhfuil gléasra comhghiniúna bithmhaise, mionghléasra hidreafhuinnimh, agus córas fótavoltach[50].

Fuarthas i staidéar féidearthachta ar chomhphobal fuinnimh in-athnuaite Calabrach a bhfuil giniúint agus stóráil fuinnimh aige tréimhse aisíoca idir 6 bliana agus 8 mbliana[51].

Ríomh comhphobal fuinnimh in-athnuaite 2 MWp faoi stiúir bhardas Assisi (Umbria) tréimhse aisíoca de thart ar 8 go 14 bliana[52].

---

[50] F. Ceglia, E. Marrasso, C. Roselli agus M. Sasso, *Comhphobal fuinnimh in-athnuaite atá bunaithe ar an mbithmhais: anailís eacnamaíoch ar fhíor-chás-staidéar*, Energies, imleabhar 15, uimh. 15, 2022.

[51] D. Cirone, R. Bruno, P. Bevilacqua, S. Perrella agus N. Arcuri, *Anailís Theicne-Eacnamaíoch ar Chomhphobal Fuinnimh Bunaithe ar Fhótavoltach agus ar Chórais Stórála Leictreacha i nDúiche Sléibhe Bheag i nDeisceart na hIodáile:Cás-Staidéar*, Sustainability, imleabhar 14, uimh. 21, 2022.

[52] E. Moretti, E. Stamponi, *Na Comhphobail Fuinnimh In-athnuaite san Iodáil agus Ról na Riarachán Poiblí:Taithí Bhardas Assisi idir Dúshláin agus Deiseanna*, Inbhuanaitheacht, imleabhar 15, uimh. 15, 2023.

83 Ní thairgeann an **Rómáin** díolúintí ó mhuirir ghréasáin, agus níl comhphobail fuinnimh incháilithe d’aon scéim ná d’aon fhóirdheontas. Leag na páirtithe leasmhara ar bhuaileamar leo agus tuarascáil le déanaí ó eagraíochtaí neamhrialtasacha béim air sin mar phríomhdhúshlán.

84 I ngach ceann de na ceithre thír a ndearnadh iniúchóireacht orthu, íoctar muirir líonra i gcomhréir leis an leictreachas a ídítear ó sholáthróirí traidisiúnta. Nuair a thomhlaíonn baill an phobail an leictreachas a tháirgeann siad, nó an leictreachas atá á roinnt ag baill eile san **Iodáil**, ní íocann siad na muirir ghréasáin chomhfhreagracha go léir, rud a laghdaíonn a ranníocaíocht airgeadais leis an eangach a chothabháil agus a fhorbairt. Mar sin féin, tá siad fós nasctha leis an eangach chun tréimhsí a chumhdach nuair nach leor an fhéinghiniúint nó nuair nach bhfuil sí ar fáil – patrún atá i gcoiteann ag gach cineál táirgeora is tomhaltóir. Ciallaíonn sé sin, de réir mar a mhéadaíonn comhphobail fuinnimh agus féintomhaltas, go n-íocann tomhaltóirí nach cuid de na comhphobail sin iad sciar níos mó de na costais ghréasáin agus nach bhfuil rochtain acu ar shócmhainní giniúna – teaghlaigh nach bhfuil chomh saibhir sin de ghnáth[53]. Ní dhearna aon cheann de na Ballstáit a ndearnadh iniúchóireacht orthu measúnú foirmiúil ar an tionchar a bhíonn ag muirir laghdaithe, féintomhaltas agus comhroinnt fuinnimh ar thomhaltóirí eile.

85 I bhfianaise líon ard na dtáirgeoirí is tomhaltóirí agus na gcomharchumann fuinnimh san **Ísiltír**, agus tabhairt isteach na comhroinnte fuinnimh ó Eanáir 2025 ar aghaidh, is ábhar imní do ÚRN na hÍsiltíre an riosca sin. Réiteach amháin a d’fhéadfadh a bheith ann ná muirir ghréasáin sheasta a dhearadh – seachas iad a bheith comhréireach – toisc go bhfágann siad gur féidir an t-ualach a dháileadh ar bhealach níos cothroime. Réiteach eile a d’fhéadfadh a bheith ann ná praghsáil Ama Úsáide – struchtúr taraife dinimiciúil ina n-athraíonn costas an leictreachais ag brath ar an am den lá.


---

[53] M. Van Steenberghe, A. D’hulster, J. Weytjens, M. Ovaere, agus K. Schoors, Treochtaí Déimeagrafacha agus Airgeadais a Rianú i mBallraíocht na gComharchumann Fuinnimh In-athnuaite sa Bheilg trí Shuirbhé agus Sonraí Idirbheart Bainc a Úsáid, uimh. 1093 (2025); G.Koukoufikis, H. Schockaert, D. Paci, F. Filippidou, A. Caramizaru et al., Comhphobail fuinnimh agus bochtaineacht fuinnimh, Tuarascáil maidir le hEolaíocht do Bheartas de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, € 31751 EN (Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023); An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Táirgeoirí is tomhaltóirí san Eoraip: Rannpháirtíocht na saoránach san aistriú fuinnimh, Tuarascáil EEA Uimh. 01/2022 (Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022).

86 Ar an iomlán, léiríonn ár measúnú go gcumasaíonn tacaíocht phoiblí san **Ísiltír**, sa **Pholainn** agus san **Iodáil** tréimhsí aisíoca i gcomhréir le hionchais an Choimisiúin. San **Ísiltír**, is bealach éifeachtach é ciste imrothlach chun cistí poiblí a úsáid. Cuidíonn sé le comharchumainn fuinnimh costais tosaigh na dtionscadal gaoithe agus gréine a chumhdach sna luathchéimeanna forbartha, ar scrogall coitianta é. Sa **Rómáin**, áfach, cuireann an easpa fóirdheontas bac ar theacht chun cinn comhphobal fuinnimh. Táimid tagtha ar an gconclúid freisin nach ndearna na Ballstáit measúnú foirmiúil ar an tionchar a bhí ag laghduithe ar mhuirir ghréasáin ar thomhaltóirí eile.

Is é Seomra I, faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an tuarascáil seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 11 Feabhra 2026.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*



Tony Murphy
*An tUachtarán*

# Iarscríbhinní

## Annex I – Maidir leis an iniúchadh

### Comhphobail fuinnimh

01 Eintitis dhlíthiúla iad comhphobail fuinnimh, a chumasaíonn saoránaigh, gnóthaí beaga agus údaráis áitiúla a bhfuinneamh féin a tháirgeadh, a bhainistiú, a chomhroinnt agus a thomhailt. De réir an Choimisiúin, d'fhéadfadh roinnt buntáistí a bheith ag baint leo:

- rannchuidiú le **sprioc an Aontais maidir le Fuinneamh In-athnuaite** trí infheistíochtaí príobháideacha breise a mhealladh chun sócmhainní díláraithe giniúna fuinnimh in-athnuaite a thógáil;
- **rannpháirtíocht na saoránach** a mhéadú chun an t-aistriú fuinnimh a chur chun cinn go háitiúil, lena n-áirítear saoránaigh nach féidir leo a sócmhainní giniúna fuinnimh féin a thógáil (e.g. tionóntaí, teaghlaigh ar ioncam íseal agus cónaitheoirí árasán). D'fhéadfadh sé sin **glacadh an chomhphobail** le tionscadail áitiúla fuinnimh in-athnuaite a éascú;
- **bochtaineacht fuinnimh** a laghdú, ós rud é gur féidir an chumhacht a tháirgtear a dhíol leis an eangach nó a chomhroinnt i measc bhaill na gcomhphobal, agus ar an gcaoi sin praghsanna leictreachais níos cobhsaí a áirithiú agus billí a ísliú do chomhaltaí, lena n-áirítear **teaghlaigh leochaileacha**.

## Cistiú, róil agus freagrachtaí

**02** Mar thairbhithe de bhearta fuinnimh in-athnuaite, tá comhphobail fuinnimh incháilithe do roinnt cistí de chuid an Aontais, amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF). Go háirithe, áirítear in RRF bearta a bhfuil costas measta **€5.2 billiún** ag baint leo lena dtacaítear comhphobail fuinnimh go díreach nó go hindíreach (e.g. trí bhearta fuinnimh in-athnuaite), atá le heisíoc faoi Nollaig 2026. Is féidir le comhphobail fuinnimh na cistí sin a úsáid chun grianphainéil a shuiteáil nó muilte gaoithe a thógáil, mar shampla.

**03** Tá achoimre ar róil agus freagrachtaí an Choimisiúin agus Ballstáit i *bhFíor 1*.

### Fíor 1 | Róil agus freagrachtaí

**Tá an Coimisiún freagrach as:**

- Reachtaíocht AE a mholadh agus a chaibidliú, trí bhíthin measúnú a dhéanamh ar thrasuí na reachtaíochta sin agus nósanna imeachta um shárú a sheoladh más gá
- Measúnú a dhéanamh ar PNFAnna agus moltaí a dhéanamh más gá
- Cistiú AE a chur ar fáil agus faireachán a dhéanamh ar chaiteachas
- Treoraíocht a chur ar fáil do na Ballstáit
- Faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo chuspóir Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh a bhaineann le comhphobail fuinnimh

**Déanfaidh na Ballstáit:**

- Reachtaíocht AE a thrasuí agus, go háirithe, na coinníollacha a bhunú chun forbairt na gcomhphobal fuinnimh a chur chun cinn agus a éascú
- PNFA a thíolacadh, inar féidir leo cuspóirí a leagan síos do chomhphobail fuinnimh
- Comhairle agus treoraíocht a chur ar fáil do chomhphobail fuinnimh
- Forbairt ar thoilleadh a chur ar fáil d'údaráis phoiblí
- Measúnú foirmiúil a dhéanamh ar na bacainní ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus ar an acmhainneacht chun comhphobail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt

*Foinse:* CIE.

## Scóip agus cur chuige na hIniúchóireachta


04 Bhí sé d'aidhm ag ár n-iniúchadh measúnú a dhéanamh féachaint an dtéann an Coimisiún agus na Ballstáit **i dteagmháil go héifeachtach le comhphobail fuinnimh** chun cuspóir an Aontais a leagtar amach i Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh a bhaint amach, agus chun na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach. Chuige sin, scrúdaíomar an méid seo a leanas:

- ar leag an Coimisiún amach **cuspóirí AE** SMART arna bhformhuiniú ag Ballstáit, a ndéantar faireachán leormhaith orthu agus a rabhthas ag dréim leis go mbainfear amach iad;
- ar leag an Coimisiún agus na Ballstáit **coinníollacha cuí** síos chun go n-éireoidh leis na comhphobail.

05 Chlúdaigh an iniúchóireacht an Coimisiún agus ceithre Bhallstát le linn thréimhse na Nollag 2020 – Iúil 2025, a leanann spriocdhátaí trasuí na dtreoracha ábhartha: Treoir (AE) 2019/944 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas agus Treoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite. Dhíríomar an iniúchóireacht ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite, a bhfuil cuspóir polaitiúil leagtha síos ag an Aontas ina leith, seachas ar sheirbhísí fuinnimh eile (amhail éifeachtúlacht fuinnimh). Tá ár modheolaíocht iniúchóireachta ag comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht atá eisithe ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta (INTOSAI).

06 Léirítear i ***bhFíor 2*** an chaoi a bhfuaireamar fianaise dár mbarúlacha. Lenár ngrúpaí fócais agus ár gcuairteanna ar an láthair, chuamar i gcomhairle le 2 %, 20 %, 13 % agus 100 % de chomhphobail san **Ísiltír**, sa **Pholainn**, san **Iodáil** agus sa **Rómáin**, faoi seach (féach ***Tábla 1***). Chuir Cónaidhm Chomhphobail Fuinnimh an Aontais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta, a dhéanann ionadaíocht ar chomhphobail fuinnimh, ionchur breise ar fáil.

## Fíor 2 | Cur chuige na hiniúchóireachta



**Cruinnithe le:**

- Údaráis náisiúnta (aireachtaí fuinnimh, OCDanna, ÚNRanna)
- ENRanna
- An Coimisiún (AS ENER, AS CLIMA)

**Athbhreithniú deisce ar dhoiciméid ó:**

- Ballstáit
- An Coimisiún
- Foinsí poiblí (e.g. páipéir thaighde agus cláir ghnó)

**Fócasghrúpaí ar líne**

- Grúpa fócais amháin nó dhá ghrúpa fócais in aghaidh an Bhallstáit*, le thart ar 10 bpobal fuinnimh, ENRanna, saineolaithe
- Uirlis suirbhé ar líne a úsáid chun roinnt freagraí a chainníochtú

**Ach amháin sa Rómáin, áit nach bhfuil ach comhphobal fuinnimh amháin ar thugamar cuairt air ar an láthair.*

**Cuairt ar thairbhithe agus ar thionscadail**

- Dhá nó trí chuairt do na Ballstáit inár sampla
- Sonraí mionsonraithe a bhailiú faoi fhíorthionscadail
- Aiseolas a bhailiú maidir le saincheisteanna a mbíonn roimh chomhphobail

*Foinse:* CIE.

### Tábla 1 | Ionadaíocht na bhfócasghrúpaí agus cuairteanna ar an láthair


| Ballstát | Líon na gcomhphobal fuinnimh ó Eanáir 2025 ar aghaidh | Rannpháirtithe sna grúpaí fócais | Comhphobail ar tugadh cuairt orthu ar an láthair | Ionadaíocht shampla CIE |
|---|---|---|---|---|
| An Ísiltír* | 702 | 14 | 2 | 2 % |
| An Pholainn | 61 | 10 | 2 | 20 % |
| An Iodáil** | 121 | 12 | 4 | 13 % |
| An Rómáin | 1 | 0 | 1 | 100 % |

* Sonraí 2024; níl sonraí 2025 ar fáil.
** Líon na n-eintiteas dlíthiúil, seachas líon na bhfoirmíochtaí.

*Foinse:* CIE.

**07** Roghnaíomar ceithre Bhallstát le haghaidh iniúchóireachta, bunaithe ar a n-ionadaíocht ar staid an Aontais (féach ***Fíor 3***).

## Fíor 3 | An fáth ar roghnaíodh na Ballstáit



**An Ísiltír**

- Líon mór comharchumann fuinnimh (thart ar 700 díobh in 2024)
- Sainmhíniú náisiúnta aonair ar chomhphobail fuinnimh
- Sprioc shonrach maidir le húinéireacht áitiúil
- Sásra dí-rioscaithe le haghaidh luathchéim na dtionscadal
- Saincheisteanna maidir le plódú eangaí

**An Pholainn**

- Caiteachas mór ar fhuinneamh in-athnuaite (€2.6 billiún)
- Beart RRF do chomhphobail (€188 milliún)
- Líon íseal (thart ar 60 in Eanáir 2025) agus trí shainmhíniú ar chomhphobail

**An Iodáil**

- Caiteachas mór ar fhuinneamh in-athnuaite (€5.6 billiún)
- Beart RRF is mó do chomhphobail (€2.2 milliún)
- Sprioc shonrach RRF do chomhphobail
- Méid na gcomharchumann fuinnimh ar an meán (thart ar 120 díobh in Eanáir 2025)

**An Rómáin**

- Caiteachas mór ar fhuinneamh in-athnuaite (€1.2 billiún)
- Gan ach comhphobal fuinnimh amháin

*Foinse:* CIE.

# Annex II – Comhphobail fuinnimh ar tugadh cuairt orthu

| Ballstát | Ainm | Méid na mball | Bonneagar fuinnimh in-athnuaite | Toilleadh giniúna (kWp) | Táirgeadh fuinnimh 2024 (MWh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Ísiltír** | Kennemer Kracht | 315 | Díonta gréine | 661 | 479 |
| **An Ísiltír** | Vrijstad Energie/Vrijstad Windwinning | 375 | Díonta agus páirceanna gréine, muilte gaoithe | 7 351 | 11 001 |
| **An Pholainn** | Słoneczna Żywiecczyzna | 10 | Díonta gréine, geoiteirmeach | 20 000 | 23 284 |
| **An Pholainn** | Klaster Energii Powiatu Bielskiego | 12 | Díonta gréine | 975 | 976 |
| **An Iodáil** | La Buona Fonte | 25 | Díonta gréine | 19 | 20 |
| **An Iodáil** | Comunità energetica rinnovabile Antrodoco | 49 | Díonta gréine | 60 | 0 |
| **An Iodáil** | Comunità energetica rinnovabile diocesi Treviso | 340 | Díonta gréine | 1 900 | 1 430 |
| **An Rómáin** | Cooperativa de Energie | 949 | Níl ann dó amhail Aibreán 2025 | 0 | 0 |

# Annex III – Freagraí na mBallstát ar mholtaí

| Moladh | Ballstát | Freagra |
|---|---|---|
| **Moladh 4**<br><br>**Tuarascáil maidir leis an measúnú ar bhacainní ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus ar an acmhainneacht chun iad a fhorbairt**<br><br>Ba cheart d'Aireacht Comhshaoil agus Slándála Fuinnimh na hIodáile agus d'Aireacht Fuinnimh na Rómáine **measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar na bacainní atá ann cheana ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt, agus ar an acmhainneacht atá ann chun na comhphobail sin a fhorbairt**.<br><br>**Spriocdháta don chur chun feidhme: Iúil 2027** | An Iodáil | **Glactha** |
| | An Rómáin | **Glactha** |
| **Moladh 5(b)**<br><br>**Ról na saoránach agus na dteaghlach leochaileach a chur chun cinn**<br><br>Ba cheart d'Aireacht Aeráide agus Comhshaoil na Polainne, Aireacht Comhshaoil agus Slándála Fuinnimh na hIodáile, agus Aireacht Fuinnimh na Rómáine forálacha a dhearadh chun **ról na saoránach a chur chun cinn** i gcomhphobail fuinnimh.<br><br>**Spriocdháta don chur chun feidhme: Nollaig 2026** | An Pholainn | **Glactha** |
| | An Iodáil | **Glactha** |
| | An Rómáin | **Glactha** |
| **Moladh 6(b)**<br><br>**Tacú le stóráil fuinnimh**<br><br>Ba cheart d'Aireacht Aeráide agus Fáis Ghlais na hÍsiltíre agus Aireacht Aeráide agus Comhshaoil na Polainne **dreasachtaí a chur ar fáil do chomhphobail fuinnimh chun stóráil fuinnimh a fhorbairt** (ina haonar nó in éineacht le giniúint fuinnimh in-athnuaite) nó **seirbhísí solúbthachta** eile a fhorbairt chun cuidiú le plódú eangaí a laghdú.<br><br>**Spriocdháta don chur chun feidhme: Iúil 2027** | An Ísiltír | **Glactha** |
| | An Pholainn | **Glactha** |

# Giorrúcháin

| Giorrúchán | Sainmhíniú/Míniú |
|---|---|
| **AS CLIMA** | An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide (An Coimisiún Eorpach) |
| **AS ENER** | Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (An Coimisiún Eorpach) |
| **CESE** | Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa |
| **Eurostat** | Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh |
| **HIER** | Fondúireacht na hÍsiltíre a thacaíonn le comharchumainn fuinnimh |
| **IMED** | Treoir maidir le margadh inmheánach don leictreachas |
| **kW/kWh/kWp/MW/MWh/MWp/GW/TWh** | Aonaid chumhachta agus fuinnimh éagsúla: cileavatanna, cileavatuaireanta, buaic na gcileavatanna, meigeavatanna, meigeavatanna uair an chloig, barrmheigeavatanna, gigeavatanna, teireavatuaireanta |
| **OCD** | Oibreoir córais dáileacháin |
| **PNFA** | Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide |
| **RED II** | An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite II |
| **SMART** | Táscairí sonracha, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus faoi cheangal ama (Specific, Measurable, Achievable, Relevant & Time-bound) |
| **STA** | Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta |
| **ÚRN** | Údarás Rialála Náisiúnta |

# Gluais

| Téarma | Sainmhíniú/Míniú |
|---|---|
| **An Plean Náisiúnta don Fhuinneamh agus don Aeráid** | Doiciméad 10 mbliana ina leagtar amach beartais agus bearta Ballstáit chun cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach. |
| **Bochtaineacht fuinnimh** | Cás ina bhfuil easpa rochtana ag teach ar sheirbhísí riachtanacha fuinnimh is gá le haghaidh caighdeán cuibhiúil maireachtála agus sláinte, mar gheall ar ioncam neamhleor, costais arda fuinnimh, agus/nó droch-éifeachtúlacht fuinnimh. |
| **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa** | Ciste de chuid an Aontais a neartaíonn an comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta san Aontas trí mhaoiniú a dhéanamh ar infheistíochtaí lena laghdaítear míchothromaíochtaí idir réigiúin. |
| **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa** | Comhlacht comhairleach de chuid an Aontais a fheidhmíonn mar fhóram d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta. |
| **Comhroinnt fuinnimh** | Leithdháileadh leictreachais a ghintear laistigh de phobal fuinnimh i measc a bhall. |
| **Freagairt don éileamh** | Tomhaltas leictreachais na n-úsáideoirí deiridh a choigeartú (e.g. trí leictreachas a stóráil nó trí mhoill a chur ar thomhaltas) mar fhreagairt ar chomharthaí margaidh. |
| **Ionad ilfhreastail** | I gcomhthéacs na tuarascála seo, pointe teagmhála aonair do chomhphobail fuinnimh chun comhairle a fháil agus chun déileáil le cúrsaí riaracháin. |
| **LIFE** | Ionstraim airgeadais a thacaíonn le beartas comhshaoil agus aeráide an Aontais a chur chun feidhme trí thionscadail sna Ballstáit a chómhaoiniú. |
| **Litir fógra fhoirmiúil** | Teachtaireacht i scríbhinn ón gCoimisiún chuig Ballstát den Aontas mar an chéad chéim de nós imeachta um shárú. |
| **Measúnú tionchair** | Anailís ar na héifeachtaí dóchúla (*ex ante*) nó iarbhír (*ex post*) atá ag tionscnamh beartais nó ag gníomh eile. |
| **Nós imeachta maidir le sárú** | Nós imeachta trína dtionscnaíonn an Coimisiún caingean, i gcéimeanna éagsúla, in aghaidh Ballstát den Aontas nach gcomhlíonann a chuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. |
| **Oibreoir córais dáileacháin** | Comhlacht atá freagrach as an gcóras dáilte cumhachta a oibriú, a fhorbairt agus a chothabháil i limistéar ar leith. |
| **Plódú eangaí** | I gcás nach bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ann an chumhacht uile atá ar fáil a aistriú ó phointe amháin ar an eangach go pointe eile. |
| **Préimh ar sholáthar leictreachais** | Ionstraim bheartais a íocann préimh ar bharr phraghas an mhargaidh le táirgeoirí leictreachais. |
| **Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** | Sásra tacaíochta airgeadais an Aontais chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus téarnamh a spreagadh, agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le todhchaí níos glaise agus níos digití. |

| | |
|---|---|
| **Seiceáil trasuite** | Measúnú ar chomhoiriúnacht na mbeart náisiúnta cur chun feidhme le forálacha treorach. |
| **Seirbhísí solúbthachta** | Bearta chun plódú i gcóras leictreachais a sheachaint trí chothromaíocht a choinneáil idir soláthar agus éileamh. |
| **Táirgeoir is tomhaltóir** | Tomhaltóir fuinnimh a tháirgeann a chuid fuinnimh féin freisin. |
| **Trasuí** | Forálacha treorach ón Aontas a ionchorprú sa dlí náisiúnta. |
| **Tréimhse aisíoca** | An t-am a theastaíonn ó infheistíocht chun a costas tosaigh a aisíoc trí choigilteas nó ioncam a ghiniúint. |
| **Tuairim réasúnaithe** | Iarraidh fhoirmiúil chuig Ballstát chun dlí an Aontais a chomhlíonadh, a sheolann an Coimisiún mar an dara cuid de nós imeachta maidir le sárú nuair atá an tír sin fós ag sárú a hoibleagáidí, in ainneoin litir fógra fhoirmiúil a bheith faighte aici. |
| **Údarás rialála náisiúnta** | I gcomhthéacs na tuarascála seo, comhlacht poiblí neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar mhargadh leictreachais Ballstáit, a áirithíonn feidhmiú éifeachtúil a chórais leictreachais, a chosnaíonn leasanna tomhaltóirí agus a choisceann idirdhealú, agus a dhéanann faireachán ar chomhlíonadh rialacha fuinnimh an Aontais. |

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2026-10

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2026-10

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta I – Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní Nádúrtha, atá faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir João Leão (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Paula Betencourt (Ceann na hOifige Príobháidí); Sofia Batalha (Ataisé na hOifige Príobháidí); Flórans Fornaroli, (Príomhbhainisteoir); Olivier Prigent, (Ceann Cúraim); Jaroslaw Smigiel, Michał Szwed, Ana Popescu, Bob De Blick, Olivia Saracco agus Anna Kozlova, (Iniúchóirí). Thug Ingrid Van Gent, Paola Magnanelli, Simona Marincean agus Mark Smith tacaíocht teanga. Chuir Alexandra Damir-Binzaru tacaíocht ghrafach ar fáil.



*Ó chlé go deas:* Paula Betencourt, Olivia Saraco, João Leão, Michał Szwed, Florence Fornaroli, Anna Kozlova, Olivier Prigent.

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2026

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE).

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi Cheadúnas Admhála Idirnáisiúnta Creative Commons 4.0 (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d’fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D’fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Grianghraf ar an gclúdach: © NOVA – stock.adobe.com.

Bosca 1, an chéad phictiúr bheag: © Amar Sjauw En Wa.

Fíor 12 – Léarscáil: © Netbeheer Nederland, © arna chumhachtú ag Esri Nederland, © MapTiler, rannpháirtithe © OpenStreetMap.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-7027-8 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/1576402 | QJ-01-26-012-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-7028-5 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/3493512 | QJ-01-26-012-GA-N |

# MODH TAGARTHA

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa Tuarascáil speisialta 10/2026 'Comhphobail fuinnimh – Acmhainneacht fós le comhlíonadh', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026.

**Meastar go nginfidh saoránaigh san Aontas Eorpach leath den fhuinneamh in-athnuaite is gá chun sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach. Eintitis dhlíthiúla iad comhphobail fuinnimh, a chumasaíonn saoránaigh, gnóthaí beaga agus údaráis áitiúla a bhfuinneamh féin a tháirgeadh, a bhainistiú, a chomhroinnt agus a thomhailt. Is féidir le comhphobail rannchuidiú leis an aistriú fuinnimh, agus le hinacmhainneacht agus rannpháirtíocht na saoránach a mhéadú.**

**Níl ach 27 % dá chuspóir bainte amach ag an Aontas chun pobal fuinnimh amháin ar a laghad a bheith ann in aghaidh an bhardais le níos mó ná 10 000 áitritheoir faoi 2025. Tá easpa ábhartachta, tacaíochta agus faireacháin ag baint leis an gcuspóir seo. Tá sainmhínithe an Aontais fós doiléir maidir le rannpháirtíocht comhlachas úinéirí árasán. Thairis sin, níor chruthaigh na rialtais na dálaí is gá chun tacú le comhphobail fuinnimh, amhail dreasachtaí le haghaidh stóráil leictreachais chun naisc eangaí a éascú. Tugann ár moltaí aghaidh ar na heasnaimh sin.**

*Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.*


CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh



**CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA**
**12, rue Alcide De Gasperi**
**1615 Luxembourg**
**LUCSAMBURG**

**Teil. +352 4398-1**

**Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact**
**Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu**
**na Meáin shóisialta: @EUauditors**